BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

18 Nollaig 2025*

(Achomharc – Comhbheartas maidir le tearmann agus inimirce – Rialachán (AE) 2019/1896 – Bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip maidir le teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh – An Garda Teorann agus Cósta Eorpach – An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) – Oibleagáidí Frontex maidir le cosaint na gceart bunúsach – Cleachtais maidir le brú siar *(pushback)* chuig tríú tír i réigiún na Mara Aeigéiche – Dliteanas neamhchonarthach Frontex – Damáiste iarbhír agus áirithe – Dualgas cruthúnais – Cosaint dlí éifeachtach – Fianaise *prima facie* – Oibleagáid Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an cás a imscrúdú)

I gCás C-136/24 P,

ACHOMHARC de bhun Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 19 Feabhra 2024,

Alaa Hamoudi, arna ionadú i dtosach ag F. Gatta, avvocato, agus ina dhiaidh sin ag F. Gatta, avvocato, agus A. Musco Eklund, Ollamh, le cúnamh ó J. De Coninck, Saineolaí,

achomharcóir,

an páirtí eile sna himeachtaí:

an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), arna hionadú i dtosach ag C. Carroll agus R.-A. Popa, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó B. Wägenbaur, avocat, agus ina dhiaidh sin ag H. Y. Caniard, C. Carroll agus R.-A. Popa, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó B. Wägenbaur, avocat,

cosantóir ag an gcéad chéim,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán, F. Biltgen, K. Jürimäe, L. Arastey Sahún, I. Ziemele, J. Passer, O. Spineanu-Matei, Uachtaráin Dlísheomraí, S. Rodin, D. Gratsias, M. Gavalec, Z. Csehi agus B. Smulders (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: R. Norkus,

Cláraitheoir: C. Strömholm, Riarthóir,

* Teanga an cháis: an Béarla.

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 4 Feabhra 2025,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 10 Aibreán 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Trína achomharc, iarrann Alaa Hamoudi go gcuirfí ordú Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 13 Nollaig 2023, *Hamoudi* v *Frontex* (T-136/22, 'an t-ordú atá faoi achomharc', EU:T:2023:821), lenar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta dá chaingean faoi Airteagal 268 CFAE chun cúiteamh a lorg as an damáiste a líomhnaítear a d'fhulaing sé mar thoradh ar sháruithe ar dhlí an Aontais a líomhnaítear a rinne an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) i gcomhthéacs bearta díbeartha a líomhnaítear a rinne údaráis na Gréige ina choinne, ar neamhní.

An dlí lena mbaineann

Rialachán (AE) 2019/1896

2 Foráiltear le haithrisí 2, 3, 24, 81 agus 103 de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624 (IO 2019 L 295, lch. 1):

> '(2) Bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh le Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle[, an 26 Deireadh Fómhair 2004 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun Comhar a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (IO 2004 L 349, lch. 1)]. Ó chuaigh sí i mbun oibre an 1 Bealtaine 2005, d'éirigh leis an nGníomhaireacht cúnamh a thabhairt do na Ballstáit gnéithe oibríochtúla den bhainistiú teorainneacha seachtracha a chur chun feidhme trí bhíthin oibríochtaí comhpháirteacha agus mear-idirghabhálacha teorann, anailís riosca, malartú faisnéise, caidreamh le tríú tíortha agus fillithe a fhilleadh.
>
> (3) Athraíodh ainm na Gníomhaireachta Eorpaí chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh go dtí an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta [...], dá ngairtear Frontex go coitianta, agus cuireadh lena cúraimí ionas go mbeadh leanúnachas iomlán ann ó thaobh a cuid gníomhaíochtaí agus a nósanna imeachta. Ba cheart na príomhróil seo a leanas a bheith ag [Frontex]: straitéis theicniúil agus oibríochtúil a bhunú mar chuid de chur chun feidhme an timthrialla don bheartas ilbhliantúil straitéiseach don bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip; chun formhaoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach an rialaithe ag teorainneacha ag na teorainneacha seachtracha; chun anailísí rioscaí agus measúnuithe leochaileachta a chur i gcrích; chun cúnamh breise teicniúil agus oibríochtúil a sholáthar do na Ballstáit agus tríú tíortha trí bhíthin oibríochtaí comhpháirteacha agus mear-idirghabhálacha teorann; a áirithiú go ndéanfar bearta a fhorghníomhú ar bhealach praiticiúil i staid a éilíonn gníomhaíocht phráinneach ag na teorainneacha seachtracha;

chun cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a sholáthar mar thaca le hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála do dhaoine atá i nguais ar muir; agus chun oibríochtaí um fhilleadh agus idirghabhálacha um fhilleadh a eagrú, a chomhordú agus a sheoladh.

[...]

(24) Ba cheart cúraimí agus inniúlacht leathnaithe [Frontex] a bheith á gcothromú le coimircí treisithe i dtaca le cearta bunúsacha agus le cuntasacht mhéadaithe agus dliteanas méadaithe, go háirithe maidir le feidhmiú cumhachtaí feidhmiúcháin ag baill foirne reachtúla.

[...]

(81) Ba cheart do [Frontex], agus urramú iomlán á thabhairt do chearta bunúsacha agus gan dochar do fhreagracht na mBallstát as cinntí um fhilleadh a eisiúint, cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a sholáthar do na Ballstáit le linn phróisis an fhillte, lena n-áirítear sainaithint náisiúnach tríú tír agus gníomhaíochtaí eile de chuid na mBallstát a dhéantar roimh an bhfilleadh nó a bhaineann leis an bhfilleadh. Sa bhreis air sin, ba cheart do [Frontex] cúnamh a thabhairt do Bhallstáit a mhéid a bhaineann le doiciméid taistil a fháil don fhilleadh, i gcomhar le húdaráis na dtríú tíortha ábhartha.

[...]

(103) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear le hAirteagail 2 agus 6 CAE agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt"), go háirithe urraim do dhínit an duine, an ceart chun na beatha, toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach, toirmeasc ar gháinneáil ar dhaoine, an ceart chun saoirse agus slándála, an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid, an ceart chun tearmainn agus chun cosanta i gcás ina dtarlaíonn aistriú nó díbirt, *non-refoulement*, an neamh-idirdhealú agus cearta an linbh.'

3 Foráiltear le hAirteagal 1 den Rialachán sin, dar teideal 'Ábhar':

'Leis an Rialachán seo, bunaítear Garda Teorann agus Cósta Eorpach chun bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip a áirithiú ag na teorainneacha seachtracha d'fhonn bainistiú éifeachtúil a dhéanamh ar na teorainneacha sin, agus cearta bunúsacha á gcomhlíonadh go hiomlán, agus d'fhonn éifeachtúlacht bheartas um fhilleadh an Aontais a mhéadú.

Leis an Rialachán seo, tugtar aghaidh ar dhúshláin imirceacha agus ar dhúshláin agus bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo ag na teorainneacha seachtracha. Áirithítear leis ardleibhéal slándála laistigh den Aontas agus cearta bunúsacha á n-urramú go hiomlán, fad a chosnaítear saorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas. Rannchuidíonn sé leis an gcoireacht trasteorann a bhrath, a chosc agus a chomhrac ag na teorainneacha seachtracha.'

4 Foráiltear le hAirteagal 4 den Rialachán sin, dar teideal 'An Garda Teorann agus Cósta Eorpach':

'Beidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach chomhdhéanta d'údaráis náisiúnta na mBallstát atá freagrach as bainistiú teorainneacha, lena n-áirítear gardaí cósta a mhéid is a dhéanann siad cúraimí rialaithe ag teorainneacha, na húdaráis náisiúnta atá freagrach as an bhfilleadh agus [Frontex].'

5 Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 5(3) agus (4) den Rialachán céanna, dar teideal '[Frontex]':

'3. Chun bainistiú comhtháite comhleanúnach teorainneacha san Eoraip a áirithiú, déanfaidh [Frontex] cur i bhfeidhm bhearta an Aontais maidir le bainistiú na dteorainneacha seachtracha a éascú agus a dhéanamh níos éifeachtaí, go háirithe [Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO 2016 L 77, lch. 1)] agus bhearta an Aontais maidir leis an bhfilleadh.

4. Rannchuideoidh [Frontex] le cur i bhfeidhm leanúnach agus aonfhoirmeach dhlí an Aontais, lena n-áirítear *acquis* an Aontais ar chearta bunúsacha, go háirithe an [Chairt], ag na teorainneacha seachtracha. Áireofar ar a rannchuidiú malartú dea-chleachtas.'

6 Seo a leanas foclaíocht Airteagal 7 de Rialachán 2019/1896, dar teideal 'Freagracht chomhroinnte':

'1. Cuirfidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip chun feidhme mar fhreagracht chomhroinnte de chuid [Frontex] agus na n-údarás náisiúnta atá freagrach as bainistiú teorainneacha, lena n-áirítear gardaí cósta a mhéid is a dhéanann siad oibríochtaí faireachais teorann muirí agus aon chúraimí rialaithe eile ag teorainneacha. Is ag na Ballstáit a fhanfaidh an phríomhfhreagracht do bhainistiú a gcodanna féin de na teorainneacha seachtracha.

[...]

4. Tacóidh [Frontex] le cur i bhfeidhm bhearta an Aontais a bhaineann leis na teorainneacha seachtracha a bhainistiú agus le cinntí um fhilleadh a fheidhmiú trí ghníomhaíochtaí na mBallstát a athneartú, a mheasúnú agus a chomhordú, agus trí chúnamh teicniúil agus oibríochtúil a thabhairt chomh maith, i dtaobh na bearta sin a chur chun feidhme agus i dtaca le hábhair a bhaineann leis an bhfilleadh. Ní thacóidh [Frontex] le haon bhearta a bhaineann le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ná ní bheidh sí rannpháirteach sna bearta sin. Beidh [Frontex] go hiomlán freagrach agus cuntasach i leith aon chinntí a ghlacann sí agus aon ghníomhaíochtaí arb í amháin atá freagrach astu faoin Rialachán seo.

[...]'

7 Foráiltear le hAirteagal 10 den Rialachán sin, dar teideal 'Cúraimí [Frontex]':

'1. Déanfaidh [Frontex] na cúraimí seo a leanas:

(a) faireachán a dhéanamh ar shreabha imirce agus anailís riosca a dhéanamh i dtaca leis na gnéithe uile a bhaineann le bainistiú comhtháite teorainneacha;

(b) faireachán a dhéanamh ar riachtanais oibríochtúla na mBallstát i ndáil le cur chun feidhme an fhillte, lena n-áirítear sonraí oibríochtúla a bhailiú;

[...]

(e) faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceart bunúsach i ngach ceann dá gníomhaíochtaí ag na teorainneacha seachtracha agus in oibríochtaí um fhilleadh;

[...]

(g) cúnamh a thabhairt do na Ballstáit in imthosca ina n-éilítear cúnamh méadaithe teicniúil agus oibríochtúil ag na teorainneacha seachtracha trí oibríochtaí comhpháirteacha a chomhordú agus a eagrú, agus aird á tabhairt ar an bhfíoras go bhféadfadh cásanna éigeandála daonchairdiúla agus tarrtháil ar muir a bheith i gceist le staideanna áirithe i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta;

[...]'

8 Foráiltear le hAirteagal 36(2) den Rialachán sin, dar teideal 'Gníomhaíochtaí a dhéanann [Frontex] ag na teorainneacha seachtracha':

Eagróidh [Frontex] an cúnamh iomchuí teicniúil agus oibríochtúil don Bhallstát óstach agus féadfaidh sí, ag gníomhú di i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí ábhartha idirnáisiúnta, lena n-áirítear prionsabal an non-refoulement, ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a dhéanamh:

(a) oibríochtaí comhpháirteacha a chomhordú do Bhallstát amháin nó níos mó agus an buanchór agus trealamh teicniúil a imscaradh;

(b) mear-idirghabhálacha teorann a eagrú agus an buanchór agus trealamh teicniúil a imscaradh;

[...]

(e) faoi chuimsiú na n-oibríochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den mhír seo agus i gcomhréir le [Rialachán (AE) Uimh. 656/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear rialacha i gcomhair faireachais ar na teorainneacha farraige seachtracha i gcomhthéacs comhair oibríochtúil arna gcomhordú ag an nGníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (IO 2014 L 189, lch. 93)] agus leis an dlí idirnáisiúnta, cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a sholáthar do Bhallstáit agus do thríú tíortha chun tacú le hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála do dhaoine atá i nguais ar muir agus a d'fhéadfadh tarlú le linn oibríochtaí faireachais teorann ar muir;

[...]'

9 Foráiltear le hAirteagal 37 den Rialachán céanna, dar teideal 'Oibríochtaí comhpháirteacha agus mear-idirghabhálacha teorann a thionscnamh ag na teorainneacha seachtracha':

'1. Féadfaidh Ballstát a iarraidh ar [Frontex] go ndéanfadh sí oibríochtaí comhpháirteacha a sheoladh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear inimirce neamhdhlíthiúil, bagairtí atá ann agus a bheidh ann ag a theorainneacha seachtracha nó an choireacht thrasteorann, nó go ndéanfadh sí cúnamh teicniúil agus oibríochtúil méadaithe a sholáthar agus a chuid oibleagáidí á gcur chun feidhme aige i dtaca leis an rialú ag teorainneacha seachtracha. Mar chuid d'iarraidh den sórt sin, féadfaidh Ballstát próifílí na mball foirne oibríochtúla is gá le haghaidh na hoibríochta comhpháirtí i gceist, lena n-áirítear próifílí na mball foirne sin a bhfuil cumhachtaí feidhmiúcháin acu, de réir mar is infheidhme, a léiriú freisin.

2. Arna iarraidh sin do Bhallstát a bhfuil dúshláin shonracha agus dhíréireacha air, go háirithe i gcás ina dtagann líon mór náisiúnach tríú tír, ar náisiúnaigh iad atá ag iarraidh teacht isteach gan údarú i gcríoch an Bhallstáit sin, ar phointí na dteorainneacha seachtracha, féadfaidh [Frontex] mear-idirghabháil teorann a dhéanamh ar feadh tréimhse ama teoranta i gcríoch an Bhallstáit óstaigh sin.

3. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin meastóireacht ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit le haghaidh oibríochtaí comhpháirteacha nó mear-idirghabhálacha teorann, agus déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin na tograí sin a fhormheas agus a chomhordú. Déanfar anailís riosca a bheidh críochnúil, iontaofa agus cothrom le dáta sula ndéanfar aon oibríochtaí comhpháirteacha nó mear-idirghabhálacha teorann, rud a chuirfidh ar chumas [Frontex] ord tosaíochta a leagan síos le haghaidh na n-oibríochtaí comhpháirteacha agus na mear-idirghabhálacha teorann atá beartaithe, agus na leibhéil tionchair a shanntar do chodanna den teorainn sheachtrach i gcomhréir le hAirteagal 34 agus na hacmhainní atá ar fáil á gcur san áireamh.

[...]'

10 De réir Airteagal 38 de Rialachán 2019/1896, dar teideal 'Pleananna oibríochtúla d'oibríochtaí comhpháirteacha':

'1. Mar ullmhúcháin d'oibríocht chomhpháirteach, déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin, i gcomhar leis an mBallstát óstach, liosta a tharraingt suas de threalamh teicniúil, de na baill foirne agus de phróifílí na mball foirne a mbeidh gá leo, lena n-áirítear próifílí na mball foirne a bhfuil cumhachtaí feidhmiúcháin acu, de réir mar is infheidhme, atá le húdarú i gcomhréir le hAirteagal 82(2). [...]

2. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin plean oibríochtúil a tharraingt suas d'oibríochtaí comhpháirteacha ag na teorainneacha seachtracha. Comhaontóidh an stiúrthóir feidhmiúcháin agus an Ballstát óstach, i gcomhairle dhlúth agus thráthúil leis na Ballstáit rannpháirteacha, an plean oibríochtúil lena sonrófar gnéithe eagraíochtúla agus nós imeachta na hoibríochta comhpháirtí.

3. Beidh an plean oibríochtúil ina cheangal ar [Frontex], ar an mBallstát óstach agus ar na Ballstáit rannpháirteacha. Cuimseoidh sé gach gné a mheastar a bheith riachtanach chun an oibríocht chomhpháirteach a chur i gcrích, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

[...]

(d) tuairisc ar chúraimí, lena n-áirítear na cúraimí a dteastaíonn cumhachtaí feidhmiúcháin ina leith, ar fhreagrachtaí, lena n-áirítear i dtaca le hurraim do chearta bunúsacha agus do cheanglais chosanta sonraí, agus ar threoracha speisialta i gcomhair na bhfoirne, lena n-áirítear treoir maidir leis an gceadú bunachair shonraí atá ceadaithe agus maidir leis na harmáin seirbhíse, an armlón agus an trealamh atá ceadaithe sa Bhallstát óstach;

[...]

(i) scéim tuairiscithe agus meastóireachta ina bhfuil tagarmharcanna don tuarascáil mheastóireachta, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cosaint na gceart bunúsach, agus dáta deiridh chun an tuarascáil mheastóireachta chríochnaitheach a thíolacadh;

[...]

(l) treoracha ginearálta i dtaobh conas cosaint na gceart bunúsach le linn ghníomhaíocht oibríochtúil [Frontex] a áirithiú;

[...]'

11 Foráiltear le hAirteagal 39 den Rialachán sin, dar teideal 'Nós imeachta chun mear-idirghabháil teorann a sheoladh':

'1. Má iarrann Ballstát go ndéanfaí mear-idirghabháil teorann a sheoladh, áireofar san iarraidh sin tuairisc ar an staid, na haidhmeanna féideartha agus na riachtanais a mbeifear ag dréim leo, agus próifílí na mball foirne atá ag teastáil, lena n-áirítear próifílí na mball foirne sin a bhfuil cumhachtaí feidhmiúcháin acu, de réir mar is infheidhme. [...]

[...]

5. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin cinneadh faoin iarraidh mear-idirghabháil teorann a sheoladh laistigh de 2 lá oibre ón dáta a bhfuarthas an iarraidh. Cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an Ballstát lena mbaineann agus an bord bainistíochta ar an eolas i scríbhinn faoin gcinneadh ag an am céanna. Luafar sa chinneadh na príomhchúiseanna ar a mbeidh sé bunaithe.

[...]

8. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin i gcomhar leis an mBallstát óstach plean oibríochtúil dá dtagraítear in Airteagal 38(2) a tharraingt suas agus a chomhaontú láithreach agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 3 lá oibre ó dháta an chinnidh.

[...]'

12 Seo a leanas foclaíocht Airteagal 44 den Rialachán sin, dar teideal 'Oifigeach comhordúcháin':

'1. Áiritheoidh [Frontex] cur chun feidhme oibríochtúil ghnéithe eagrúcháin uile na n-oibríochtaí comhpháirteacha, na dtreoirthionscadal nó na mear-idirghabhálacha teorann, lena n-áirítear baill foirne reachtúla a bheith i láthair.

[...]

3. Gníomhóidh an t-oifigeach comhordúcháin thar ceann [Frontex] i ngach gné d'imscaradh na bhfoirne. Is é an ról a bheidh ag an oifigeach comhordúcháin ná an comhar agus an comhordú i measc na mBallstát óstach agus na mBallstát rannpháirteach a chothú. Déanfaidh duine amháin ar a laghad den lucht faireacháin ar chearta bunúsacha cúnamh agus comhairle a thabhairt don oifigeach comhordúcháin. Déanfaidh an t-oifigeach comhordúcháin an méid seo a leanas go háirithe:

[...]

(b) faireachán ar chur chun feidhme ceart an phlean oibríochtúil, lena n-áirítear, i gcomhair leis an lucht faireacháin ar chearta bunúsacha, sa mhéid a bhaineann le cearta bunúsacha a chosaint agus tuairisciú don stiúrthóir feidhmiúcháin i leith sin;

[...]

(d) tuairisciú don stiúrthóir feidhmiúcháin i gcás nach bhfuil na treoracha a eisíonn na Ballstáit óstacha do na foirne i gcomhréir leis an bplean oibríochtúil, go háirithe maidir le cearta bunúsacha agus, i gcás inarb iomchuí, a mholadh don stiúrthóir feidhmiúcháin breithniú a dhéanamh i dtaobh cinneadh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 46.

[...]'

13 Foráiltear le hAirteagal 46(4) agus (5) den Rialachán céanna, dar teideal 'Cinntí chun gníomhaíochtaí a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh nó gan iad a sheoladh':

'4. Déanfaidh an stiúrthóir feidhmiúcháin, tar éis dul i gcomhairle leis an oifigeach um chearta bunúsacha agus an Ballstát lena mbaineann a chur ar an eolas, an maoiniú d'aon ghníomhaíocht de chuid [Frontex] a tharraingt siar, nó aon ghníomhaíocht de chuid na Gníomhaireachta a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, go hiomlán nó i bpáirt, má mheasann sé nó sí go bhfuil sáruithe ar chearta bunúsacha nó ar oibleagáidí cosanta idirnáisiúnta a bhaineann leis an ngníomhaíocht lena mbaineann ar siúl, ar sáruithe iad atá de chineál tromchúiseach agus gur dóchúil go leanfar de na sáruithe sin.

5. Cinnfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin, tar éis dul i gcomhairle leis an oifigeach um chearta bunúsacha, gan aon ghníomhaíocht de chuid [Frontex] a sheoladh i gcás ina measann sé nó sí go mbeadh cúiseanna tromchúiseacha ann ina leith ó thús na gníomhaíochta chun í a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh toisc go bhféadfadh sáruithe ar chearta bunúsacha nó ar oibleagáidí cosanta idirnáisiúnta eascairt as an ngníomhaíocht sin, ar sáruithe iad atá de chineál tromchúiseach. Cuirfidh an stiúrthóir feidhmiúcháin an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoin gcinneadh sin.'

14 Foráiltear le hAirteagal 48(1) de Rialachán 2019/1896, dar teideal 'Filleadh':

'Gan staidéar a dhéanamh ar fhiúntas cinntí um fhilleadh, ar rud é a bheidh faoi fhreagracht iomlán na mBallstát i gcónaí, agus i gcomhréir leis an urraim do chearta bunúsacha, prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear cosaint idirnáisiúnta, an urraim do phrionsabail an non-refoulement agus cearta leanaí, déanfaidh [Frontex] an méid seo a leanas maidir le filleadh:

(a) cúnamh teicniúil agus oibríochtúil do na Ballstáit i réimse an fhillte, lena n-áirítear maidir leis an méid seo a leanas:
   (i) bailiú na faisnéise is gá chun cinntí um fhilleadh a eisiúint, sainaithint na náisiúnach tríú tír atá faoi réir nósanna imeachta um fhilleadh agus gníomhaíochtaí eile de chuid na mBallstát a dhéantar roimh an bhfilleadh, a bhaineann leis an bhfilleadh agus a bhaineann le gníomhaíochtaí tar éis an teachta agus tar éis an fhillte, chun córas comhtháite do bhainistiú an fhillte a chur ar bun i measc údaráis inniúla na mBallstát, ar córas é ina mbeidh údaráis ábhartha tríú tíortha agus geallsealbhóirí eile rannpháirteach;

[...]'

15 Seo a leanas foclaíocht Airteagal 80 den Rialachán sin, dar teideal ‘Cosaint do chearta bunúsacha agus straitéis um chearta bunúsacha’:

‘1. Áiritheoidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach go ndéanfar cearta bunúsacha a chosaint agus a chúraimí á gcur i gcrích aige faoin Rialachán seo i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais, go háirithe an Chairt, agus an dlí ábhartha idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Coinbhinsiún [i dtaobh Stádas Dídeanaithe, a síníodh sa Ghinéiv an 28 Iúil 1951] [*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 189, lch. 150, Uimh. 2545 (1954)], arna fhorlíonadh [leis an bPrótacal maidir le Stádas Dídeanaithe, a tugadh i gcrích i Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967], an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh [arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 20 Samhain 1989] [*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 1577, lch. 3, Uimh. 27531 (1990)] agus oibleagáidí a bhaineann le rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, go háirithe prionsabal an *non-refoulement*.

Chun na críche sin, déanfaidh [Frontex], le rannchuidiú ón oifigeach um chearta bunúsacha agus faoi réir fhormhuiniú an oifigigh sin, straitéis agus plean gníomhaíochta um chearta bunúsacha a tharraingt suas, a chur chun feidhme a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear sásra éifeachtach chun faireachán a dhéanamh ar urraim do chearta bunúsacha i ngníomhaíochtaí uile [Frontex].

2. I bhfeidhmiú a chúraimí dó, áiritheoidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach nach gcuirfear brú ar aon duine, de shárú ar phrionsabal an non-refoulement, díbhordáil, dul i dtír, agus nach ndéanfar aon duine a sheoladh chuig tír, nó a thabhairt ar láimh nó a fhilleadh ar shlí eile do na húdaráis i dtír ina bhfuil, *inter alia*, riosca tromchúiseach ann go ndéanfaí é nó í a chur faoi phionós an bháis nó a chéasadh nó go gcuirfí íde nó pionós mídhaonna nó táireach air nó uirthi, nó i gcás ina mbeadh bagairt ann do shaol nó saoirse an duine mar gheall ar chine, reiligiún, náisiúntacht, gnéaschlaonadh, ballraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe nó tuairimí polaitiúla, nó i dtír a bhféadfadh riosca a bheith ann go ndéanfaí an duine a dhíbirt, a dhíchur nó a eiseachadadh aisti nó a fhilleadh chuig tír eile de shárú ar phrionsabal an non-refoulement.

3. I bhfeidhmiú a chúraimí dó, cuirfidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach san áireamh na riachtanais speisialta a bhíonn ag leanaí, ag mionaoisigh neamhthionlactha, ag daoine faoi mhíchumas, ag íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, ag daoine a bhfuil cúnamh liachta de dhíth orthu, ag daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, ag daoine atá i nguais ar muir, agus ag daoine eile i gcás an-leochaileach, agus tabharfaidh sé aghaidh ar na riachtanais sin ina shainordú. I ngach gníomhaíocht dá chuid, tabharfaidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach aird ar leith ar chearta leanaí agus áiritheoidh sé go n-urramófar sár-leasanna an linbh.

[…]’

16 Foráiltear le hAirteagal 97(4) den Rialachán sin, dar teideal ‘Dliteanas’:

‘I gcás dliteanas neamhchonarthach, déanfaidh [Frontex], i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú arbh iad a ranna nó a baill foirne ba chúis leis agus a gcuid dualgas á gcur i gcrích acu, lena n-áirítear na dualgais sin a bhaineann le húsáid cumhachtaí feidhmiúcháin.’

Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta

17 Foráiltear le hAirteagal 88 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta:

‘1. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta bearta eagrúcháin nós imeachta agus bearta fiosrúcháin a ghlacadh nó a leasú ag aon chéim den nós imeachta, uaithi féin nó ar iarratas ó cheann de na príomhpháirtithe.

2. Luafar go beacht san iarratas dá dtagraítear i mír 1 cuspóir na mbeart atá á lorg agus na cúiseanna atá leo. Sa chás go ndéanfar an t-iarratas i ndiaidh an chéad mhalartaithe pléadálacha i scríbhinn, ní mór don pháirtí atá ag déanamh an iarratais an chúis nach raibh sé in ann an t-iarratas a dhéanamh níos luaithe a shonrú.

3. Sa chás go ndéanfar iarratas ar bhearta eagrúcháin nós imeachta nó ar bhearta fiosrúcháin, tabharfaidh an tUachtarán deis do na páirtithe eile a dtuairimí a chur in iúl ar an iarratas sin.’

18 Foráiltear le hAirteagal 89 de na Rialacha sin:

‘1. An aidhm a bheidh leis na bearta eagrúcháin nós imeachta ná a chinntiú go n-ullmhófar na cásanna le haghaidh éisteachta, go gcuirfear nósanna imeachta i ngníomh agus go réiteofar díospóidí faoi na coinníollacha is fearr.

2. Beidh na haidhmeanna seo a leanas, go háirithe, leis na bearta eagrúcháin nós imeachta:

(a) seoladh éifeachtúil an nós imeachta ó bhéal agus an nós imeachta i scríbhinn a chinntiú agus glacadh na fianaise a éascú;

(b) na pointí nach mór do na páirtithe argóintí breise a thíolacadh ina leith nó lena n-éileofar bearta breise fiosrúcháin ina leith a shocrú;

(c) an t-ordú a bheidh á lorg ag na páirtithe mar aon lena saincheisteanna dlí agus lena n-argóintí agus leis na pointí a bheidh le socrú eatarthu a shoiléiriú;

(d) réiteach cairdiúil na n-imeachtaí a éascú.

3. Féadfar na bearta eagrúcháin nós imeachta seo a leanas, go háirithe, a chur san áireamh:

(a) ceisteanna a chur ar na páirtithe;

(b) iarratas ar na páirtithe aighneachtaí i scríbhinn nó ó bhéal a thíolacadh maidir le gnéithe áirithe de na himeachtaí;

(c) an t-eolas dá dtagraítear sa dara mír d’Airteagal 24 de [Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh] a iarraidh ar na páirtithe nó ar thríú páirtithe;

(d) iarratas go dtabharfaí doiciméid nó páipéir a bhaineann leis an gcás ar aird;

(e) na páirtithe a thoghairm chun freastal ar chruinnithe.

4. I gcás go n-eagrófar éisteacht, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, a mhéid is féidir, a iarraidh ar na rannpháirtithe san éisteacht díriú ar shaincheist amháin nó níos mó ina bpléadálacha ó bhéal.'

19 Seo a leanas foclaíocht Airteagal 90(1) de na Rialacha sin:

'Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta bearta eagrúcháin nós imeachta a fhorordú.'

20 Foráiltear le hAirteagal 91 de na Rialacha céanna:

'Gan dochar d'fhorálacha Airteagail 24 agus 25 de [Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh], áiritear ar na bearta fiosrúcháin:

(a) láithriú pearsanta na bpáirtithe;

(b) faisnéis a iarraidh ó pháirtí nó iarraidh orthu aon ábhar a bhaineann leis an gcás a chur i láthair;

(c) iarratas ar dhoiciméid a chur ar fáil a dhiúltaigh institiúid rochtain ina leith in imeachtaí a bhaineann le dlíthiúlacht an diúltaithe sin;

(d) fianaise ó bhéal;

(e) tuairimí saineolaithe;

(f) iniúchadh ar an láthair.'

21 De bhun Airteagal 92(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, déanfaidh an chúirt sin na bearta is iomchuí léi a fhorordú le hordú a shonróidh na fíorais atá le cruthú.

22 Foráiltear le hAirteagal 93 de na Rialacha sin:

'1. Cuirfear toghairm ar na finnéithe a mheastar is gá a cheistiú le hordú dá dtagraítear in Airteagal 92(1), ina luafar:

(a) ainm, tuairisc agus seoladh an fhinné;

(b) an dáta agus an áit a ndéanfar an fiosrúchán;

(c) na fíorais a bheidh le suí agus na finnéithe a éistfear maidir le gach ceann de na fíorais.

2. Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta toghairm a chur ar fhinnéithe, i gcás inarb iomchuí, tar éis thaisceadh an urrúis dá dtagraítear in Airteagal 100(1).'

23 Seo a leanas foclaíocht Airteagal 94 de na Rialacha sin:

'1. Tar éis cruthú a fháil ar chéannacht an fhinné, cuirfidh an tUachtarán in iúl dó go mbeidh air fírinne a fhianaise a dheimhniú ar an modh a leagtar síos i mír 5 agus in Airteagal 97.

2. Tabharfaidh an finné a fhianaise don Chúirt Ghinearálta, tar éis fógra a bheith tugtha do na páirtithe teacht i láthair. Nuair a bheidh a chuid fianaise tugtha ag an bhfinné, féadfaidh an tUachtarán, ar iarratas ó cheann de na páirtithe, nó uaidh féin, ceisteanna a chur air.

3. Féadfaidh na Breithiúna eile agus an tAbhcóide Ginearálta a dhéanamh amhlaidh.

4. Faoi réir urlámhas an Uachtaráin, féadfaidh ionadaithe na bpáirtithe ceisteanna a chur ar fhinnéithe.

5. Faoi réir fhorálacha Airteagal 97, tar éis dó a chuid fianaise a thabhairt, glacfaidh an finné an mionn seo a leanas: "Mionnaím gurb í an fhírinne, an fhírinne iomlán agus an fhírinne amháin atá ráite agam."

6. Féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, tar éis di na príomhpháirtithe a éisteacht, finné a shaoradh ón mionn a ghlacadh.'

24 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 95 den Rialachán sin:

'1. Beidh ar fhinnéithe a gcuirtear toghairm go cuí orthu géilleadh don toghairm agus teacht i láthair le haghaidh ceistiú.

2. Má chuirtear toghairm ar fhinné go cuí agus mura láithreoidh sé os comhair na Cúirte Ginearálta, gan cúis dhlisteanach, féadfaidh an Chúirt pionós airgid a ghearradh air nach mó ná EUR 5 000, agus féadfaidh sí a ordú go seirbheálfar toghairm eile air ar a chostas féin.

3. Féadfar an pionós céanna a ghearradh ar fhinné a dhiúltóidh, gan cúis dhlisteanach, fianaise a thabhairt nó an mionn a ghlacadh.'

25 Foráiltear le hAirteagal 106 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta:

'1. Beidh cuid ó bhéal mar chuid den nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta, le héisteacht a eagróidh an Chúirt Ghinearálta uaithi féin nó ar iarratas ó phríomhpháirtí.

2. Luafar na cúiseanna ar mian le príomhpháirtí éisteacht a fháil, in iarratas ar bith ó phríomhpháirtí ar éisteacht. Déanfar aon iarratas réasúnaithe ar éisteacht ó bhéal a thíolacadh laistigh de thréimhse trí seachtaine ón am a thabharfar fógra faoi chlabhsúr an nós imeachta i scríbhinn do na páirtithe. Féadfaidh an tUachtarán an teorainn ama sin a fhadú.

3. Mura bhfuil a leithéid d'iarratas dá dtagraítear i mír 2 agus má mheasann sí go bhfuil faisnéis leordhóthanach ar fáil di san ábhar sa chomhad, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta a chinneadh an nós imeachta ó bhéal a ligean thar ceal. Sa chás sin, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta cinneadh a dhéanamh ag tráth níos déanaí go dtosófar an chuid ó bhéal den nós imeachta.'

26 Foráiltear le hAirteagal 126 de na Rialacha sin:

'I gcás inar léir nach bhfuil aon dlínse ag an gCúirt Ghinearálta caingean a thriail nó go bhfuil an chaingean do-ghlactha go follasach nó gur léir nach bhfuil aon bhunús sa dlí ag an gcaingean, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta, ar mholadh ón mBreitheamh is Rapóirtéir, trí ordú réasúnaithe, tráth ar bith gan aon chéim eile a thabhairt sna himeachtaí, breith a thabhairt ar an gcaingean.'

Cúlra na díospóide

27 Tá cúlra na díospóide leagtha amach mar seo a leanas i míreanna 2 go 5 agus 10 den ordú atá faoi achomharc:

‘2 Is náisiúnach Siriach é an t-achomharcóir. Maíonn sé, nuair a tháinig sé ón Tuirc ar bhád ar an 28 Aibreán 2020, go ndeachaigh sé isteach i gcríoch na Gréige, eadhon oileán Samos, le grúpa daoine eile chun tearmann a lorg. Áitíonn sé freisin, tar éis dó tuirlingt ar an oileán sin, gur stop na póilíní áitiúla é féin agus na daoine eile agus, an lá céanna, gur chuir údaráis na Gréige ar ais san fharraige é, áit ar thug long de chuid Gharda Cósta na Tuirce ar bord é an lá dár gcionn agus ar aistrigh sé chuig críoch na Tuirce é (“eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020”).

3 Ina theannta sin, maíonn an t-iarratasóir gur eitil eitleán príobháideach faireachais thar an láthair faoi dhó an 29 Aibreán 2020, le linn a chuid ama ar muir, a líomhnaítear a bheith feistithe le ceamara agus á oibriú ag Frontex.

4 Áitíonn an t-iarratasóir, tar éis eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020, gur aistríodh é chuig ionad coinneála sa Tuirc inar coinníodh é ar feadh 10 lá. Ina dhiaidh sin, fuair sé ordú díbeartha agus coigistíodh a phas Siriach. Dá bhrí sin, bhí sé sáinnithe sa Tuirc gan rochtain ar an gcóras tearmainn agus b’éigean dó a shaol a chaitheamh mar inimirceach neamhrialta faoi bhagairt *refoulement* láithreach ar an tSiria.

5 Is léir óna phléadálacha i scríbhinn os comhair na Cúirte Ginearálta gur éirigh leis an iarratasóir, idir an dá linn, dul isteach i gcríoch Bhallstáit an Aontais agus iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh sa Ghearmáin.

[...]

10 Tráth ar tharla eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020, bhí dhá ghníomhaíocht oibríochtúla Frontex ar siúl sa limistéar geografach ina líomhnaítear gur tharla sé, eadhon an Mhear-Idirghabháil Teorann sa Mhuir Aeigéach agus an Chomhoibríocht “Poseidon”’.

Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an t-ordú atá faoi achomharc

28 Trí iarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 10 Márta 2022, thionscain an t-achomharcóir caingean faoi Airteagail 268 agus 340 CFAE chun cúiteamh a lorg as an damáiste a mhaíonn sé a d’fhulaing sé mar thoradh ar iompar neamhdhleathach Frontex i gcomhthéacs a chuid oibríochtaí sa Mhuir Aeigéach, go háirithe le linn theagmhas líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020. I ndáil leis sin, d’iarr sé go n-ordófaí do Frontex suim EUR 500 000 a íoc leis mar chúiteamh as an damáiste neamhábhartha a mhaíonn sé a d’fhulaing sé mar thoradh ar sháruithe ar Airteagail 38, 46 agus 80 de Rialachán 2019/1896 agus ar Airteagal 1 (dínit an duine), Airteagal 2 (an ceart chun beatha), Airteagal 3 (an ceart chun iomláine an duine), Airteagal 4 (toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach), Airteagal 6 (an ceart chun saoirse agus slándála), Airteagal 18 (an ceart chun tearmainn), Airteagal 19 (cosaint i gcás ina dtarlaíonn aistriú, díbirt nó eiseachadadh) agus Airteagal 21 (neamh-idirdhealú) den Chairt.

29 An 10 Márta 2022, d'iarr an t-achomharcóir ar an gCúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, bearta eagrúcháin nós imeachta nó bearta fiosrúcháin a ghlacadh chun go gcuirfeadh Frontex doiciméid a bhí ina sheilbh ar fáil agus, ar an dara dul síos, éisteacht a eagrú. An 29 Aibreán agus an 18 Bealtaine 2022, d'iarr an t-achomharcóir ar an gCúirt Ghinearálta bearta eagrúcháin nós imeachta a ghlacadh chun go gcuirfeadh Frontex doiciméid eile ar fáil.

30 Leis an ordú atá faoi achomharc, dhíbh an Chúirt Ghinearálta caingean an achomharcóra. Tar éis di na prionsabail lena rialaítear na coinníollacha chun dliteanas neamhchonarthach an Aontais Eorpaigh a bhunú agus na prionsabail a bhaineann go háirithe le fírinne an damáiste arna éileamh, i míreanna 19 go 23 agus míreanna 28 go 34 den ordú sin faoi seach, rinne an Chúirt Ghinearálta achoimre, i mír 36 den ordú céanna, ar na fíorais ba chúis leis an damáiste a líomhain an t-achomharcóir ina iarratas ag an gcéad chéim, sna téarmaí seo a leanas:

'Dearbhaíonn an t-iarratasóir ina iarratas gur tháinig 22 dhuine, lena n-áirítear é féin, ar oileán Samos, an Ghréig, thart ar 7.30 a.m. an 28 Aibreán 2020. Tháinig siad ar thrá in aice leis na sléibhte, d'fhág siad an bád agus thosaigh siad ag dreapadh na sléibhte. De réir an iarratasóra, a luaithe a bhain sé barr an tsléibhe amach, ghlac sé grianghraif agus físeáin a chuir sé chuig duine dá lucht aitheantais san Ostair. Chaith an grúpa cúpla uair an chloig ag iarraidh ar na cónaitheoirí glaoch ar na póilíní. Nuair a tháinig na póilíní, choigistigh siad a ngutháin agus thiomáin siad an grúpa chuig an trá i veain, agus bhí long bheag agus bád beag ann. Ina dhiaidh sin, tugadh comhaltaí go léir an ghrúpa ar bord bád beag oráiste a bhí, dar leis an iarratasóir, ina rafta tarrthála gan aon mhodh tiomána. Nuair a bhí sé ar muir, cuireadh iallach ar an ngrúpa báid a athrú faoi dhó arís. De réir an iarratasóra, lean siad ag dul anonn is anall thar oíche go dtí iarnóin an 29 Aibreán 2020, nuair a phioc garda cósta na Tuirce suas iad ar deireadh.'
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

31 I mír 37 den ordú atá faoi achomharc, thug an Chúirt Ghinearálta an méid seo a leanas faoi deara, 'chun na líomhaintí sin maidir lena láithreacht agus lena rannpháirtíocht in eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020 a chruthú, tá an t-iarratasóir ag brath ar an bhfianaise seo a leanas:

– ar an gcéad dul síos, ar a fhianaise féin, atá i gceangal mar Iarscríbhinn A.1 a ghabhann leis an iarratas;

– ar an dara dul síos, ar alt ón eagraíocht meán Bellingcat, a foilsíodh an 20 Bealtaine 2020 ar an idirlíon (['alt Bellingcat']), agus, go háirithe, dhá fhíseán YouTube atá san alt sin. Tá hipearnasc san iarratas chuig an suíomh gréasáin ar a bhfuil an t-alt, ina théacs agus in Iarscríbhinn A.2 araon;

– agus, ar an tríú dul síos, ar cheithre ghrianghraf, atá i gceangal mar Iarscríbhinn A.2 a ghabhann leis an iarratas. Is seatanna scáileáin daite iad na grianghraif sin a thógtar ó na físeáin san [alt Bellingcat]'.
[Aistriúchán neamhoifigiúil]

32 I mír 39 den ordú atá faoi achomharc, chinn an Chúirt Ghinearálta gur léir nár leor an fhianaise sin chun a léiriú go cinntitheach go raibh an t-achomharcóir i láthair agus go raibh baint aige le heachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020. Ar na cúiseanna a leagtar amach i míreanna 40 go 60 den ordú sin, chinn sí, i mír 61 den ordú sin, nár léirigh an t-achomharcóir fírinne an damáiste a éilíodh agus, dá bhrí sin, gur léir nár comhlíonadh an coinníoll a bhaineann le fírinne an damáiste.

33 Dá bhrí sin, dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chaingean, i mír 62 den ordú céanna, toisc gur léir nach raibh aon bhunús dlí léi, gan é a bheith riachtanach a scrúdú ar comhlíonadh na coinníollacha eile maidir le dliteanas neamhchonarthach Frontex.

An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe san achomharc

34 Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt:

– an t-ordú atá faoi achomharc a chur ar neamhní;

– cinneadh a dhéanamh maidir le tuillteanais an cháis má mheasann sí go bhfuil faisnéis leordhóthanach aici ón gcomhad; mar mhalairt air sin, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta chun scrúdú iomlán a dhéanamh ar na fíorais; agus

– a ordú do Frontex na costais a íoc ag an gcéad chéim agus ar achomharc.

35 Iarrann Frontex ar an gCúirt:

– an t-achomharc a dhíbhe agus

– a ordú don achomharcóir na costais a íoc, lena n-áirítear na costais arna dtabhú ag Frontex.

An t-achomharc

36 Mar thaca lena achomharc, maíonn an t-achomharcóir foras achomhairc amháin, lena n-éilítear gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta na prionsabail lena rialaítear an dualgas cruthúnais, de shárú ar na cearta a ráthaítear leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 (‘ECHR’), a gceanglaítear a gcomhlíonadh mar thairseach íosta cosanta faoi Airteagal 52(3) den Chairt. Tá dhá chuid san fhoras achomhairc aonair sin, ar cheart iad a scrúdú le chéile.

Argóintí na bpáirtithe

37 Sa chéad chuid dá fhoras achomhairc aonair, maíonn an t-achomharcóir, go bunúsach, gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta na prionsabail lena rialaítear an dualgas cruthúnais nuair a chinn sí, i míreanna 35, 39, 61 agus 62 den ordú atá faoi achomharc, gur léir gur mhainnigh sé a léiriú ar an gcaighdeán is gá gur comhlíonadh an coinníoll maidir le dliteanas neamhchonarthach an Aontais i ndáil le fírinne an damáiste.

38 Mar is léir ó chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (‘ECtHR’) i gcásanna a bhaineann le díbirt iarrthóirí tearmainn, i bhfianaise na staide leochailí ina bhfuil siad, ní mór na deacrachtaí, nó fiú an dodhéantacht, atá ag na daoine sin fianaise a fháil a chur san áireamh. Go háirithe, measann ECtHR, i gcásanna den sórt sin, nach toisc chinntitheach í an easpa fianaise dhíreach, gur gá go minic sochar an amhrais a thabhairt do na daoine sin agus measúnú á dhéanamh ar inchreidteacht a ráiteas agus a ndoiciméad tacaíochta, agus i gcás inar thug na daoine céanna sin fianaise *prima facie* ar aird chun tacú lena leagan de na fíorais, go ndéantar an dualgas cruthúnais a aisiompú (féach, chuige sin, ECtHR, 23 Lúnasa 2016, *J.K. agus páirtithe eile* v *an tSualainn*,

CE:ECHR:2016:0823JUD005916612, §§ 92 go 97; ECtHR, 13 Feabhra 2020, *N.D. agus N.T.* v *an Spáinn*, CE:ECHR:2017:1003JUD000867515, § 85, agus ECtHR, 18 Samhain 2021, *M.H agus páirtithe eile* v *an Chróit*, CE:ECHR:2021:1118JUD001567018, § 268).

39 Trí cheanglais fhianaiseacha a fhorchur atá deacair nó dodhéanta fiú a chomhlíonadh i gcomhthéacs oibríochtaí *refoulement*, sháraigh an Chúirt Ghinearálta na cearta bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt, lena n-áirítear an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil, agus córas iomlán na leigheasanna dlí a bunaíodh le Conradh FAE. Is ionann na ceanglais sin agus Frontex a dhíolmhú ó aon oibleagáid dhlíthiúil faisnéis ábhartha a sholáthar arb é an t-aon páirtí é a bhfuil rochtain aige uirthi agus ó aon iarmhairtí a eascraíonn as mainneachtain an fhaisnéis sin a thabhairt ar aird.

40 Thairis sin, mar thoradh ar fhorchur na gceanglas sin, rinne an Chúirt Ghinearálta earráidí in aicmiú dlíthiúil na bhfíoras agus rinne sí saobhadh ar an bhfianaise.

41 Dá bhrí sin, ar an gcéad dul síos, déanann cinntí na Cúirte Ginearálta i míreanna 37, 42, 46, 47, 53 agus 55 den ordú atá faoi achomharc, ar dá réir nár fhág na grianghraif agus na físeáin ó alt Bellingcat gurbh fhéidir an t-achomharcóir ná an áit agus an dáta a tógadh iad a shainaithint, na grianghraif agus na físeáin sin a shaobhadh.

42 Ar an dara dul síos, sna míreanna sin, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid in aicmiú dlíthiúil na bhfíoras agus sháraigh sí prionsabal dhea-riarachán an cheartais trína chinneadh go raibh an fhianaise a chuir an t-achomharcóir isteach ró-neamhbheacht chun a mheas go raibh sí ábhartha agus críochnaitheach. I ndáil leis sin, leis na grianghraif agus na físeáin a táirgeadh os comhair na Cúirte, is féidir an t-achomharcóir a shainaithint agus a dheimhniú go raibh sé i láthair le linn eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020. Comhthacaítear leis na fíorais sin leis an tuarascáil ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) a tarraingíodh suas tar éis imscrúdú OC/2020/0866/A1 agus a bhaineann le neamhrialtachtaí tromchúiseacha a líomhnaítear a rinne Frontex, arb é atá iontu, *inter alia*, a bheith bainteach le brú siar imirceach nó tostach ina leith (‘tuarascáil OLAF’), a raibh rochtain ag an achomharcóir uirthi tar éis sceitheadh chuig an bpreas. D’iarr an t-achomharcóir ar an gCúirt beart eagrúcháin nós imeachta a ghlacadh chun an tuarascáil sin a thabhairt ar aird. Mar sin féin, ní dhearnadh obair leantach ar an iarraidh sin agus níor luadh í fiú san ordú atá faoi achomharc.

43 Ar an tríú dul síos, i míreanna 40 agus 41 den ordú atá faoi achomharc, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid maidir le haicmiú dlíthiúil na bhfíoras agus rinne sí an fhianaise a shaobhadh trína chinneadh gur beag an luach cruthúnais atá ag ráiteas finné an achomharcóra atá i gceangal leis an iarratas ag an gcéad chéim, nach bhfuil sé beacht go leor agus nach bhfágann sé gur féidir na daoine eile a bhí i láthair le linn eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020 a shainaithint. Braitheann an t-achomharcóir, sa chomhthéacs sin, ar thuarascáil OLAF, lena mbunaítear, ar dtús, gur ghlac acmhainní arna gcomh-mhaoiniú ag Frontex páirt i gcur chun feidhme na ndíbirtí comhchoiteanna, murab ionann agus an méid a dhearbhaigh Frontex le linn an imscrúdaithe. Ina dhiaidh sin, léirítear sa tuarascáil sin gur chinn Frontex a acmhainní aeir a athlonnú ionas nach bhfeicfeadh siad eachtraí sa Mhuir Aeigéach agus gur staon a oifigigh ó eachtraí a thuairisciú, ar eagla go ndéanfadh an Ballstát óstach frithbheartaíocht. Tacaíonn an fhianaise sin le hargóint an achomharcóra gur bhain eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020 i ndairíre le neamhthuairisciú eachtra seachas le mainneachtain an eachtra sin a aimsiú. Ar deireadh, deimhnítear leis an tuarascáil sin creidiúnacht alt Bellingcat a bhaineann le heachtra líomhnaithe

an 28 agus an 29 Aibreán 2020. De bharr na fianaise sin, a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Ginearálta, ba cheart don Chúirt sin sochar an amhrais a thabhairt don achomharcóir chun cruinneas na bhfíoras atá i gceist a shuí.

44 Sa dara cuid den fhoras achomhairc aonair, maíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus earráid in aicmiú dlíthiúil na bhfíoras nuair a chinn sí, i míreanna 14 agus 62 den ordú atá faoi achomharc, go raibh faisnéis leordhóthanach aici ó na doiciméid sa chomhad agus gur léir nach raibh aon bhunús dlí leis an gcaingean. Déanann an t-achomharcóir gearán, go bunúsach, nach ndearna an Chúirt Ghinearálta imscrúdú cuí ar an gcás agus gur chuir sí Airteagal 126 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta i bhfeidhm go mícheart. Go háirithe, trí dhiúltú, gan cúiseanna a thabhairt, iarrataí an achomharcóra a chomhlíonadh maidir le tuarascáil OLAF agus na trí thuarascáil i mbunachar sonraí an Fheidhmchláir um Oibríochtaí Comhpháirteacha a Thuairisciú *(Joint Operations Reporting Application)* ('tuarascálacha JORA') a thabhairt ar aird agus a chur san áireamh, a raibh rochtain eisiach ag Frontex orthu, agus trí dhiúltú éisteacht arna hiarraidh ag an achomharcóir a eagrú ionas go bhféadfadh sé fianaise a thabhairt ag an éisteacht sin, sháraigh an Chúirt Ghinearálta prionsabal dhea-riarachán an cheartais agus prionsabal chomhionannas na n-arm agus rinne sí scrúdú neamhiomlán ar na fíorais. Leis na hearráidí sin, lena mbaintear an bonn de chóras iomlán na leigheasanna dlí a bunaíodh leis na Conarthaí agus lena ndíolmhaítear Frontex go héagórach ó dhliteanas, cuirtear cinntí na Cúirte Ginearálta i míreanna 14, 58, 59, 61 agus 62 den ordú atá faoi achomharc ó bhail.

45 Áitíonn an t-achomharcóir freisin, murab ionann agus aighneachtaí Frontex, go bhfuil an phléadáil seo inghlactha. Ar an gcéad dul síos, ní bhraitheann an t-achomharcóir ar fhianaise nach bhfuil sa chomhad, ach ar iarrataí ar eagrú nós imeachta atá dírithe ar an gCúirt Ghinearálta lena lorgaítear doiciméid a thabhairt ar aird a raibh rochtain eisiach ag Frontex orthu. Ar an dara dul síos, líomhnaíonn an t-achomharcóir go ndearnadh saobhadh ar an bhfianaise, rud is léir go follasach ó na doiciméid i gcomhad na Cúirte, sa chaoi nach gá don Chúirt measúnú nua a dhéanamh ar na fíorais agus ar an bhfianaise.

46 Áitíonn Frontex go bhfuil an t-aon fhoras achomhairc amháin do-ghlactha go follasach agus, in aon chás, go bhfuil sé go follasach gan bhunús.

47 Ar an gcéad dul síos, áitíonn sí nach bhfuil an chéad chuid den fhoras achomhairc aonair inghlactha. Ar an gcéad dul síos, ní iarrann an t-achomharcóir ach athscrúdú ar an bhfianaise nó ar an measúnú ar an bhfianaise a tugadh ar aird den chéad uair ag céim an achomhairc. Ina dhiaidh sin, ní luann sé na míreanna den ordú atá faoi achomharc a chonspóidtear nuair a líomhnaíonn sé sáruithe ar na prionsabail lena rialaítear an dualgas cruthúnais nó ar Airteagal 52(3) den Chairt. Ina theannta sin, áitíonn an t-achomharcóir gur pointe dlí é cad is measúnuithe fíorasacha ann. Is amhlaidh atá maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart sochar an amhrais a thabhairt don achomharcóir, de réir bhrí chásdlí ECtHR. Sonraíonn Frontex, i ndáil leis sin, nach féidir forlámhas a bheith ag an gcásdlí sin ar riail Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar dá réir a bhfuil achomharc teoranta do phointí dlí. Ar deireadh, measann Frontex, ar bhealaí éagsúla, nach ndéanann an t-achomharcóir ach na hargóintí a cuireadh chun cinn ag an gcéad chéim a athrá.

48 In aon chás, tá an chuid sin den phléadáil neamhéifeachtach i bpáirt agus gan bhunús i bpáirt. Ar an gcéad dul síos, ní chonspóidtear ar bhealach ar bith nach luaitear ainm an achomharcóra in alt Bellingcat agus go bhfuil cáilíocht ghrafach na bhfíseán sin sách lag. Thairis sin, níor suíodh an saobhadh líomhnaithe nó na hearráidí líomhnaithe ar bhealach ar bith, ós rud é nach léir iad ó na doiciméid sa chomhad. Ina dhiaidh sin, ní bhaineann tuarascáil OLAF le hábhar ós rud é nach

suitear léi ar bhealach ar bith go bhfuil an t-achomharcóir le feiceáil sna grianghraif a tháirgeann sé. Ar deireadh, murab ionann agus an méid a mhaíonn an t-achomharcóir, chuir an Chúirt Ghinearálta na hargóintí agus an fhianaise a chuir an t-achomharcóir isteach san áireamh go cuí.

49 Ar an dara dul síos, áitíonn Frontex nach bhfuil an dara cuid den fhoras achomhairc aonair inghlactha ach an oiread. Ar an gcéad dul síos, braitheann an t-achomharcóir ar thuarascáil OLAF nach raibh san áireamh sa chomhad ag an gcéad chéim. Ar an dara dul síos, maidir le tuarascálacha JORA, ní shonraítear iontu míreanna an ordaithe atá faoi achomharc a dhíospóideann sé ar bhonn na dtuarascálacha sin.

50 In aon chás, bheadh an cuid sin gan bhunús. I ndáil leis sin, measann Frontex nach féidir leis an achomharcóir agóid a dhéanamh i gcoinne mheasúnú na Cúirte Ginearálta i mír 14 den ordú atá faoi achomharc, ar dá réir a cuireadh ar an eolas go leordhóthanach é leis na doiciméid sa chomhad, nó gur díbheadh an chaingean toisc gur léir nach raibh aon bhunús dlí léi, i mír 62 den ordú sin, trí bhrath ar thuarascáil OLAF, ar thuarascálacha JORA nó ar iarraidh an achomharcóra éisteacht a eagrú chun go mbeadh sé in ann teacht os comhair na Cúirte Ginearálta.

51 Maidir le hiarraidh an achomharcóra ar an gCúirt Ghinearálta ordú a thabhairt go dtabharfaí tuarascáil OLAF ar aird ina hiomláine, lena n-áirítear na hiarscríbhinní a ghabhann léi, is léir ó bhreithiúnas an 16 Iúil 2009, *SELEX Sistemi Integrati* v *an Coimisiún* (C-481/07 P, EU:C:2009:461, mír 44) gurb í an Chúirt Ghinearálta an t-aon bhreitheamh amháin ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann an fhaisnéis atá ar fáil di a fhorlíonadh trí bhearta eagrúcháin nós imeachta nó bearta fiosrúcháin a ordú, nach féidir a bheith beartaithe leo cúiteamh a dhéanamh ar mhainneachtain an achomharcóra fianaise a ghlacadh. In aon chás, ní bhaineann an tuarascáil sin le hábhar ós rud é nach luann an t-achomharcóir go ndéantar tagairt dá ainm ann nó go bhfágann an tuarascáil sin gur féidir a shuíomh go raibh sé le feiceáil sna grianghraif a tháirg sé ag an gcéad chéim.

52 Ina theannta sin, maidir le hiarraidh an achomharcóra go dtionólfaí éisteacht ionas go bhféadfadh sé teacht i láthair mar fhinné, measann Frontex nach n-aithníonn an t-achomharcóir gur faoin gCúirt atá sé cinneadh a dhéanamh an gá éisteacht finné nó éisteacht a thionól mar gheall i gcás ar bith. Sonraíonn Frontex, ós rud é nár chuir an t-achomharcóir aon fhianaise ar fáil a léiríonn gur duine é a bhfuil baint aige leis na bearta a rinne údaráis na Gréige agus/nó atá le feiceáil sna grianghraif a táirgeadh ag an gcéad chéim, nach féidir a cheangal ar an gCúirt Ghinearálta bearta eagrúcháin nós imeachta nó bearta fiosrúcháin a ghlacadh, ós rud é nach bhfágfadh na bearta sin go bhféadfaí an fhianaise nár thug an t-achomharcóir ar aird a chur ar fáil. Ní fhéadfadh an Chúirt Ghinearálta ná an Chúirt Bhreithiúnais a thoimhdiú go raibh baint ag an achomharcóir le heachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020. Ní chuireann an t-achomharcóir in iúl ach an oiread conas a d'fhágfadh éisteacht os comhair na Cúirte Ginearálta go bhféadfaí a shuíomh go raibh sé ar dhuine de na daoine a bhí le feiceáil sna grianghraif ar dhroch-chaighdeán a táirgeadh ag an gcéad chéim.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

Inghlacthacht

53 Cuireann Frontex i gcoinne, ar an gcéad dul síos, inghlacthacht an fhoras achomhairc amháin ós rud é, go bunúsach, nach n-aithníonn an t-achomharcóir ar bhealach sách beacht míreanna an ordaithe atá faoi achomharc a dhíospóideann sé.

54 I ndáil leis sin, eascraíonn sé ón dara fomhír d'Airteagal 256(1) CFAE, ón gcéad fhomhír d'Airteagal 58 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ó Airteagal 168(1)(d) agus Airteagal 169(2) de na Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais go gcaithfear a chur in iúl go beacht in achomharc na míreanna a ndéantar cáineadh orthu sa bhreithiúnas a n-iarrtar a chur ar neamhní, agus na hargóintí dlíthiúla lena dtacaítear go sonrach leis sin, nó beidh an t-achomharc nó an tsaincheist dlí lena mbaineann do-ghlactha (breithiúnas an 12 Nollaig 2024, *DD* v *FRA*, C-680/22 P, EU:C:2024:1019, mír 99 agus an cásdlí dá dtagraítear).

55 Go háirithe, ní chomhlíontar na ceanglais sin le foras achomhairc nach bhfuil a hargóintí soiléir agus beacht go leor chun go mbeidh an Chúirt in ann a cumhacht athbhreithnithe ar dhlíthiúlacht a fheidhmiú agus ní mór a dhearbhú go bhfuil sí do-ghlactha, go háirithe toisc nach bhfuil na heilimintí bunriachtanacha ar a bhfuil an foras achomhairc sin bunaithe soiléir go leor comhleanúnach agus intuigthe ó théacs an achomhairc sin, atá i bhfoclaíocht ar bhealach doiléir agus débhríoch ina leith sin. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais freisin nach mór achomharc nach bhfuil struchtúr comhleanúnach aige, atá teoranta do ráitis ghinearálta agus nach bhfuil tásca beachta ann maidir leis na pointí den chinneadh a chonspóidtear a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hearráid dlí, a dhíbhe toisc é a bheith do-ghlactha go follasach (breithiúnas an 12 Nollaig 2024, *DD* v *FRA*, C-680/22 P, EU:C:2024:1019, mír 100 agus an cásdlí dá dtagraítear).

56 Sa chás seo, ina fhoras achomhairc aonair, leag an t-achomharcóir amach iarmhairtí na sáruithe líomhnaithe ar na prionsabail lena rialaítear an dualgas cruthúnais, i bhfianaise na gceart a ráthaítear le ECHR agus le hAirteagal 52(3) den Chairt, ar thaobh amháin, imscrúdú na Cúirte Ginearálta ar an gcás seo agus, ar an taobh eile, measúnú na Cúirte Ginearálta ar na doiciméid sa chomhad ag an gcéad chéim. Ina theannta sin, i ngach cuid den fhoras achomhairc sin, dhírigh an t-achomharcóir aird ar mhíreanna an ordaithe atá faoi achomharc a líomhnaítear a bheith curtha ó bhail ag na hearráidí dlí ar a bhfuiltear ag brath. Dá bhrí sin, léirítear na heilimintí bunriachtanacha ar a bhfuil an foras achomhairc sin bunaithe ar bhealach atá comhleanúnach agus sothuigthe go leor i dtéacs an achomhairc agus tá argóintí an achomharcóra soiléir agus beacht go leor chun a chur ar chumas na Cúirte a cumhacht athbhreithnithe a fheidhmiú.

57 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don phléadáil maidir le do-ghlacthacht atá bunaithe ar mhainneachtain na míreanna den ordú atá faoi achomharc a chonspóidtear a shainaithint go leordhóthanach.

58 Ar an dara dul síos, áitíonn Frontex go bhfuil an t-achomharc do-ghlactha, a mhéid a fhéachann an t-achomharcóir, san achomharc sin, le pointí fíorais a chur i láthair mar phointí dlí agus iarrann sé ar an gCúirt Bhreithiúnais measúnú nua a dhéanamh ar na fíorais nó ar an bhfianaise. Go háirithe, áitíonn Frontex gur cheist fhíorasach í an cheist maidir le hamhras a bheith ann ar cheart don achomharcóir tairbhe a bhaint as agus nach féidir forlámhas a bheith ag na ceachtanna a foghlaimíodh ó chásdlí ECtHR maidir leis an dualgas cruthúnais ar iarrthóirí tearmainn i gcásanna díbeartha ar riail Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar dá réir atá achomharc teoranta do phointí dlí.

59 I ndáil leis sin, leanann sé ó Airteagal 256 CFAE agus ón gcéad mhír d'Airteagal 58 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur ar phoncanna dlí amháin atá an t-achomharc. Tá dlínse eisiach ag an gCúirt Ghinearálta chun na fíorais ábhartha a chinneadh agus a mheasúnú agus chun measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise. Dá bhrí sin, ní hionann breithmheas na bhfíoras sin agus measúnú ar an bhfianaise sin, seachas i gcás ina ndearnadh na fíorais agus an fhianaise a shaobhadh, agus pointe dlí atá, sa cháil sin, faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar achomharc (breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2024, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún (Google Shopping)*, C-48/22 P, EU:C:2024:726, mír 61 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Mar sin féin, is ceist dlí í an cheist an gá, ag féachaint do chásdlí ECtHR agus d'Airteagal 52(3) den Chairt, na rialacha maidir leis an dualgas cruthúnais is infheidhme maidir le daoine i gcás amhail cás an achomharcóra a cheapadh ar bhealach ina bhféadfar sochar an amhrais a thabhairt do na daoine sin. Is ceist dlí í an cheist maidir le leithdháileadh an dualgais cruthúnais, cé go bhféadfadh sé difear a dhéanamh do chinntí fíorais na Cúirte Ginearálta (breithiúnas an 6 Eanáir 2004, *BAI agus an Coimisiún* v *Bayer*, C-2/01 P agus C-3/01 P, EU:C:2004:2, mír 61).

61 Ina theannta sin, ina achomharc, luann an t-achomharcóir go sonrach na cúiseanna leis an saobhadh a líomhnaítear a rinne an Chúirt Ghinearálta. Dá bhrí sin, ní chomhfhreagraíonn an saobhadh líomhnaithe d'iarraidh ar athmheasúnú ar na fíorais ná ar an bhfianaise.

62 Dá bhrí sin, ní mór diúltú freisin don phléadáil maidir le do-ghlacthacht atá bunaithe ar phointí fíorais a chur i láthair mar phointí dlí.

63 Ar an tríú dul síos, a mhéid a chuireann Frontex in aghaidh inghlacthacht an achomhairc trína áiteamh nach ndéanann an t-achomharcóir ach na hargóintí a rinneadh sa chéad chéim a athrá, is léir ó chásdlí na Cúirte nach féidir le hachomharc na saincheisteanna dlí agus na hargóintí a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Ginearálta cheana féin a dhéanamh arís gan argóintí a chur ar aghaidh chun a shuíomh go ndearna sé earráid dlí (breithiúnas an 26 Meitheamh 2025, *Mainova* v *an Coimisiún*, C-484/23 P, EU:C:2025:482, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear). Mar sin féin, sa chás seo, cuireann an t-achomharcóir argóintí chun cinn go sonrach chun a shuíomh go ndearna an Chúirt Ghinearálta, san ordú atá faoi achomharc, earráidí dlí, agus mar thoradh air sin nach mór diúltú don phléadáil do-ghlacthachta sin.

64 I bhfianaise na mbreithnithe sin roimhe seo, tá achomharc an achomharcóra inghlactha.

Substaint an cháis

65 Maíonn an t-achomharcóir, go bunúsach, gur sháraigh an Chúirt Ghinearálta na prionsabail lena rialaítear an dualgas cruthúnais, gur shaobh sí an fhianaise agus go ndearna sí earráid in aicmiú dlíthiúil na bhfíoras trína chinneadh gur léir nár leor an fhianaise a chuir sé ar fáil chun a léiriú, go cinntitheach, go raibh sé i láthair agus go raibh sé rannpháirteach in eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020, agus mar thoradh air sin nár léirigh sé fírinne an damáiste ar a bhfuil sé ag brath nó, dá bhrí sin, gur comhlíonadh an coinníoll a bhaineann le fírinne an damáiste a bhfuil dliteanas neamhchonarthach an Aontais Eorpaigh as iompar Frontex faoina réir.

– Réamhbharúlacha

66 Ar an gcéad dul síos, ba cheart a mheabhrú gur gníomhaireacht de chuid an Aontais é Frontex a bunaíodh le Rialachán Uimh. 2007/2004 chun bainistiú comhtháite theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh a fheabhsú, dá dtagraítear anois in Airteagal 77(1)(c) CFAE. Leanann sé ó Airteagal 7(1) agus (4) de Rialachán 2019/1896, cé go bhfuil freagracht chomhroinnte ar Frontex agus ar na húdaráis náisiúnta atá freagrach as bainistiú teorainneacha ina leith sin, go bhfuil Frontex freagrach agus cuntasach go hiomlán as aon chinneadh a dhéanann sí agus as aon ghníomhaíocht a bhfuil sí freagrach aisti amháin faoin Rialachán sin.

67 Foráiltear le hAirteagal 97(4) de Rialachán 2019/1896 – amhail an dara fomhír d'Airteagal 340 CFAE, ar sampla sonrach é don mhéid seo a leanas – i gcás dliteanas neamhchonarthach, go ndéanfaidh Frontex, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na

mBallstát, aon damáiste a shlánú arb iad a ranna nó a baill foirne féin is cúis leis agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu. Dá bhrí sin, tá cásdlí na Cúirte a bhaineann leis an bhforáil sin de Chonradh FAE ábhartha sa chás seo.

68 De réir chásdlí socair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, chun go dtabhóidh an tAontas Eorpach dliteanas neamhchonarthach faoin dara fomhír d'Airteagal 340 CFAE, ní mór roinnt coinníollacha a chomhlíonadh, eadhon sárú atá tromchúiseach go leor ar riail dlí atá ceaptha cearta a thabhairt do dhaoine aonair, fírinne an damáiste agus nasc cúisíoch díreach a bheith ann idir an sárú ar an oibleagáid atá ar údar an ghnímh agus an damáiste a bhain do na páirtithe díobhálaithe (féach breithiúnais an 5 Márta 1996, *Brasserie du pêcheur agus Factortame*, C-46/93 agus C-48/93, EU:C:1996:79, mír 51, agus an 5 Márta 2024, *Kočner* v *Europol*, C-755/21 P, EU:C:2024:202, mír 117 agus an cásdlí dá dtagraítear).

69 Is léir freisin ón gcásdlí sin, i gcás nach gcomhlíontar ceann de na coinníollacha sin, nach mór an chaingean a dhíbhe ina hiomláine gan scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha eile maidir le dliteanas neamhchonarthach an Aontais, agus nach gceanglaítear ar Chúirteanna an Aontais na coinníollacha sin a scrúdú in ord ar leith (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *United Parcel Service* v *an Coimisiún*, C-297/22 P, EU:C:2023:1027, mír 61 agus an cásdlí dá dtagraítear).

70 Go sonrach, maidir leis an dara ceann de na coinníollacha sin a bhaineann le fírinne an damáiste, ní mór an damáiste a n-iarrtar cúiteamh ina leith a bheith iarbhír agus cinnte (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Deireadh Fómhair 2014, *Giordano* v *an Coimisiún*, C-611/12 P, EU:C:2014:2282, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

71 Ar an dara dul síos, maidir leis na rialacha a bhaineann leis an dualgas cruthúnais agus le glacadh fianaise a bhaineann le dliteanas neamhchonarthach an Aontais Eorpaigh faoin dara fomhír d'Airteagal 340 CFAE, is faoin bpáirtí a dhéanann agóid i gcoinne an dliteanais sin atá sé, i bprionsabal, a léiriú le fianaise chríochnaitheach go gcomhlíontar na coinníollacha don dliteanas sin. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar an bpáirtí sin, go háirithe, fianaise den sórt sin a thabhairt ar aird maidir leis an damáiste ar a bhfuil sé ag brath a bheith ann agus maidir le méid an damáiste sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Nollaig 2024, *Nemea Bank* v *BCE agus páirtithe eile*, C-181/22 P, EU:C:2024:1020, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear). Chuige sin, féadfaidh an páirtí sin brath ar fhianaise d'aon chineál, ós rud é gurb é an prionsabal i ndlí an Aontais glacadh fianaise gan srian (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Nollaig 2024, *DD* v *FRA*, C-130/22 P, EU:C:2024:1018, mír 92 agus an cásdlí dá dtagraítear).

72 Mar sin féin, i bhfeidhmiú na dlínse a thugtar le hAirteagal 268 CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 256(1) CFAE, don Chúirt Ghinearálta díospóidí a bhaineann le cúiteamh as damáiste dá dtagraítear sa dara fomhír agus sa tríú fomhír d'Airteagal 340 CFAE a éisteacht agus a chinneadh ag an gcéad chéim agus don Chúirt Bhreithiúnais na hachomhairc sin a éisteacht agus a chinneadh, ní mór do Chúirteanna an Aontais Eorpaigh cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú do dhaoine aonair.

73 Ní mór an chaingean le haghaidh damáistí dá dtagraítear in Airteagal 268 CFAE a mheasúnú i bhfianaise chóras iomlán na cosanta breithiúnaí do dhaoine aonair a bhunaítear leis na Conarthaí agus cuireann sí le héifeachtacht na cosanta sin (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *Bank Refah Kargaran* v *an Chomhairle*, C-134/19 P, EU:C:2020:793, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

74 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go leanann sé ó Airteagal 2 CAE go bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe, *inter alia*, ar luachanna an chomhionannais agus an smachta reachta. Is gné dhílis de smacht reachta den sórt sin a bheith ann gurb ann d'athbhreithniú breithiúnach éifeachtach arb é is aidhm dó comhlíonadh fhorálacha dhlí an Aontais a áirithiú (breithiúnas an 25 Meitheamh 2020, *Satcen* v *KF*, C-14/19 P, EU:C:2020:492, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear).

75 Thairis sin, ceanglaítear leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 47 den Chairt, arb ionann é agus athdhearbhú ar phrionsabal na cosanta breithiúnaí éifeachtaí, go mbeidh an ceart ag gach duine a sáraítear a chearta agus a shaoirsí a ráthaítear le dlí an Aontais leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos san airteagal sin (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, *Bank Refah Kargaran* v *an Chomhairle*, C-134/19 P, EU:C:2020:793, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

76 Ina theannta sin, ní mór a mheabhrú, mar is léir ón mbrollach a ghabhann le Cinneadh 88/591/CECA, CEE, Euratom ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1988 lena mbunaítear Cúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach (IO 1988 L 319, lch. 1), gur bunaíodh an Chúirt Ghinearálta chun cáilíocht agus éifeachtacht an athbhreithnithe bhreithiúnaigh i ndlíchóras an Chomhphobail, atá anois ina dhlíchóras de chuid an Aontais Eorpaigh, a choimeád. Sonraítear sa bhrollach sin, i ndáil leis sin, gur dócha go gcuirfí feabhas ar chosaint bhreithiúnach daoine aonair trí dhlínse a thabhairt don Chúirt Ghinearálta chun déileáil, ag an gcéad chéim, le caingne lena gceanglaítear scrúdú críochnúil a dhéanamh ar fhíorais chasta, agus ar an gcaoi sin leibhéal dúbailte dlínse a bhunú.

77 Dá bhrí sin, ní féidir le cur i bhfeidhm na rialacha maidir leis an dualgas cruthúnais agus glacadh fianaise ag an gCúirt Ghinearálta an bonn a bhaint d'éifeachtacht chosaint bhreithiúnach na gceart a thugtar do dhaoine aonair le dlí an Aontais. Ní fhéadfadh sé a bheith d'éifeacht ag iarratas den sórt sin, go háirithe, dualgas cruthúnais iomarcach nó dodhéanta fiú a fhorchur ar pháirtí (*probatio diabolica*) nó prionsabal chomhionannas na n-arm a thabhairt faoi cheist, rud a thugann le tuiscint, mar a chinn an Chúirt, an oibleagáid deis réasúnach a thabhairt do gach páirtí a chás a chur i láthair in imthosca nach gcuireann faoi mhíbhuntáiste suntasach é i gcomparáid lena fhreasúra (breithiúnas an 17 Samhain 2022, *Harman International Industries*, C-175/21, EU:C:2022:895, mír 62 agus an cásdlí dá dtagraítear).

78 Dá bhrí sin, agus na rialacha sin á gcur i bhfeidhm aici, ní mór don Chúirt Ghinearálta a áirithiú go n-urramófar go hiomlán an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil, a ráthaítear le hAirteagal 47 den Chairt, agus imthosca sonracha an cháis atá os a comhair á gcur san áireamh. Má tharlaíonn sé, i bhfianaise na n-imthosca sin, go gcuireann cur i bhfeidhm na rialacha sin dualgas cruthúnais ródheacair nó dodhéanta fiú ar pháirtí sa díospóid, is gá na rialacha sin a oiriúnú.

79 Ar an tríú dul síos, ba cheart a mheabhrú gur tugadh cumhachtaí don Chúirt Ghinearálta chun na cásanna atá os a comhair a ullmhú agus a imscrúdú. De bhun Airteagail 88 agus 89 de na Rialacha Nós Imeachta, is féidir leis an gCúirt Ghinearálta bearta eagrúcháin nós imeachta a ghlacadh lena bhféachtar a áirithiú, faoi na dálaí is fearr, go n-ullmhófaí cásanna, go seolfaí imeachtaí agus go réiteofaí díospóidí. Mar is léir ó léamh comhcheangailte ar Airteagal 24 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, atá infheidhme maidir leis an gCúirt Ghinearálta de bhua Airteagal 53 de, agus Airteagal 89 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta bearta a ghlacadh arb é atá iontu, *inter alia*, a iarraidh ar na páirtithe na doiciméid go léir a thabhairt ar aird agus aon fhaisnéis a mheasann sí a bheith riachtanach a chur ar fáil. Le hAirteagal 91 de na Rialacha Nós Imeachta sin, ceadaítear don Chúirt Ghinearálta bearta fiosrúcháin a dhéanamh, lena n-áirítear, go háirithe, láithreas pearsanta na bpáirtithe, an t-iarratas

ar fhaisnéis chuig na páirtithe sin nó aon doiciméad a bhaineann leis an gcás a thabhairt ar aird. Ina theannta sin, faoi Airteagail 26 go 30 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, atá infheidhme maidir leis an gCúirt Ghinearálta de bhua Airteagal 53 de, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 93 go 95 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, féadfaidh an Chúirt Ghinearálta finnéithe a éisteacht faoi mhionn. Ar deireadh, ag éisteacht, ceadaítear le hAirteagal 32 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, atá infheidhme maidir leis an gCúirt Ghinearálta de bhua Airteagal 53 de, don Chúirt Ghinearálta éisteacht leis na páirtithe agus leis na finnéithe.

80 Cé gur fíor gur faoin gCúirt Ghinearálta atá sé a chinneadh an gá úsáid a bhaint as na cumhachtaí sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Eanáir 2016, *Heli-Flight* v *GSEE*, C-61/15 P, EU:C:2016:59, mír 94 agus an cásdlí dá dtagraítear), is amhlaidh fós nach mór don Chúirt Ghinearálta na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir iomlán leis na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 47 den Chairt. Dá bhrí sin, i gcás nach n-áirithíonn cur i bhfeidhm na rialacha maidir leis an dualgas cruthúnais agus glacadh fianaise, ar bhonn eisceachtúil, cosaint bhreithiúnach éifeachtach d'iarratasóir, ní mór don Chúirt Ghinearálta, chun cosaint atá bunúsach san Aontas Eorpach mar ábhar dlí a áirithiú, na cumhachtaí céanna a úsáid chun an fhaisnéis atá ar fáil di sa chás atá os a comhair a fhorlíonadh.

81 Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCúirt Ghinearálta diúltú d'éilimh iarratasóirí ar an bhforas nach bhfuil fianaise leordhóthanach ann, cé go mbraitheann sí air, go háirithe trí iarraidh a dheonú ó na páirtithe sin bearta fiosrúcháin a ordú, amhail doiciméid a thabhairt ar aird, deireadh a chur leis an éiginnteacht a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cruinneas na n-éileamh sin nó a mhíniú cén fáth nach féidir le doiciméad den sórt sin, in aon chás agus gan beann ar a ábhar, a bheith ábhartha do thoradh na díospóide (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Márta 1999, *Ufex agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-119/97 P, EU:C:1999:116, míreanna 110 agus 111, agus ordú an 4 Deireadh Fómhair 2007, *Olsen* v *an Coimisiún*, C-320/05 P, EU:C:2007:573, mír 64).

82 Ar an gcaoi chéanna, is léir ó chásdlí socair na Cúirte Ginearálta go bhfuil baint ag an gCúirt Ghinearálta le cuardach fianaise chun tairbhe iarratasóra i gcomhthéacs bearta eagrúcháin nós imeachta i gcásanna eisceachtúla ina bhfuil sé ag teastáil ón iarratasóir sin chun bunús a thabhairt lena argóintí agus ina bhfuil deacrachtaí aige maidir le rochtain a fháil nó rochtain a dhiúltú (féach, chuige sin, breithiúnais na Cúirte Ginearálta an 25 Meán Fómhair 2002, *Ajour agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-201/00 agus T-384/00, EU:T:2002:224, mír 75; an 16 Deireadh Fómhair 2013, *TF1* v *an Coimisiún*, T-275/11, EU:T:2013:535, mír 116, agus an 11 Nollaig 2014, *van der Aat agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-304/13 P, EU:T:2014:1055, mír 61, agus ordú na Cúirte Ginearálta an 4 Feabhra 2005, *Aguar Fernandez agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-20/04, EU:T:2005:35, mír 36).

83 Chun idirghabháil na Cúirte a fháil sa chuardach ar fhianaise, ní mór don pháirtí a iarrann í, áfach, íosmhéid fianaise ar a laghad a chur ar fáil lena bhfianaítear úsáideacht na hidirghabhála sin chun críocha na n-imeachtaí (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Iúil 2011, *Diputación Foral de Vizcaya agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-474/09 P go C-476/09 P, EU:C:2011:522, mír 92 agus an cásdlí dá dtagraítear).

84 Is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé, i gcomhthéacs achomhairc lena ndéantar agóid i gcoinne chur i bhfeidhm na rialacha a bhaineann leis an dualgas cruthúnais agus le glacadh fianaise ag an gCúirt Ghinearálta, a fháil amach ar chomhlíon an Chúirt Ghinearálta na hoibleagáidí dá dtagraítear i míreanna 78 agus 80 den bhreithiúnas seo agus na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 47 den Chairt á gcomhlíonadh go hiomlán.

85 I bhfianaise na réamhléirithe sin, is gá scrúdú a dhéanamh ar theip ar an gCúirt Ghinearálta, sa chás seo, a hoibleagáid a chomhlíonadh maidir leis na rialacha a bhaineann leis an dualgas cruthúnais agus le glacadh fianaise a choigeartú chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a áirithiú.

– An gá atá leis an dualgas cruthúnais a choigeartú

86 I mír 39 den ordú atá faoi achomharc, mheas an Chúirt Ghinearálta gur léir nár leor an fhianaise a chuir an t-achomharcóir ar fáil chun a léiriú go cinntitheach go raibh an t-achomharcóir i láthair agus go raibh baint aige le heachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020.

87 Chun a chinneadh, mar a mhaíonn an t-achomharcóir, an bhfuil an cinneadh sin curtha ó bhail ag earráid dlí, ar an bhforas gur mhainnigh an Chúirt Ghinearálta aird a thabhairt ar an ngá atá leis an dualgas cruthúnais a choigeartú i bhfianaise imthosca ar leith a chaingne le haghaidh dliteanas neamhchonarthach i gcoinne an Aontais Eorpaigh i leith damáiste a mhaíonn sé a thabhaigh sé i bhfianaise na sáruithe líomhnaithe ar Airteagal 46(4) agus (5) de Rialachán 2019/1896 agus ar a chearta bunúsacha faoi Airteagail 1 go 4, 6, 18, 19 agus 21 den Chairt ag Frontex san eachtra líomhnaithe sin, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil na saintréithe seo a leanas ag an gcaingean sin.

88 Ar an gcéad dul síos, is éard atá san eachtra líomhnaithe sin ná brú siar ó chríoch an Aontais Eorpaigh, ar muir, chuig tríú Stát, maidir le daoine a d'éalaigh, amhail an t-achomharcóir, óna dtír thionscnaimh, gan deis acu iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a thaisceadh sa chríoch sin. Is saintréith d'oibríocht brú siar den sórt sin é leochaileacht ard na ndaoine atá faoina réir agus easpa aitheantais agus cóireáil aonair do na daoine sin ar thaobh na n-údarás. Ina theannta sin, tá na daoine sin, tráth na bhfíoras, i staid a fhágann go bhfuil sé an-deacair dóibh fianaise a bhailiú chun na fíorais sin a shuí, nó fiú aon fhéidearthacht ina leith sin a eisiamh, go háirithe i gcás ina bhfuil teileafóin na ndaoine sin coigistithe ag na húdaráis náisiúnta.

89 Ar an dara dul síos, mar is léir ó mhír 10 den ordú atá faoi achomharc, tráth ar tharla eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020, bhí dhá ghníomhaíocht oibríochtúla Frontex ar siúl sa limistéar geografach ina líomhnaítear gur tharla an eachtra líomhnaithe sin, eadhon an Mhear-Idirghabháil Teorann sa Mhuir Aeigéach agus an Chomhoibríocht 'Poseidon'.

90 Mar is léir ó Airteagail 1 agus 4 de Rialachán 2019/1896, is gníomhaireacht de chuid an Aontais é Frontex arb é atá inti, in éineacht leis na húdaráis náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 4, an Garda Teorann agus Cósta Eorpach atá freagrach as bainistiú comhtháite Eorpach na dteorainneacha seachtracha a áirithiú agus é mar aidhm aige na teorainneacha sin a bhainistiú go héifeachtach i gcomhréir iomlán le cearta bunúsacha agus éifeachtacht bheartas an Aontais um fhilleadh a mhéadú.

91 Leanann sé, go háirithe, ó aithris 3 de Rialachán 2019/1896 gur sannadh cúraimí agus cumhachtaí i ndáil le rialú theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh ar Frontex chuige sin, a dhéantar a fhrithchothromú, mar a luaitear in aithris 24 den Rialachán sin, le coimircí neartaithe maidir le cearta bunúsacha agus le cuntasacht mhéadaithe agus dliteanas méadaithe na gníomhaireachta sin.

92 Dá bhrí sin, faoi Airteagal 5(3) de Rialachán 2019/1896, déanfaidh Frontex cur i bhfeidhm bhearta an Aontais maidir le bainistiú na dteorainneacha seachtracha a éascú agus a dhéanamh níos éifeachtaí. Sonraítear in Airteagal 7(4) den Rialachán sin ina leith sin go dtacóidh Frontex le cur i bhfeidhm na mbeart sin trí ghníomhaíochtaí na mBallstát a athneartú, a mheasúnú agus a

chomhordú agus trí chúnamh teicniúil agus oibríochtúil a thabhairt dóibh agus na bearta sin á gcur chun feidhme. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 10(1)(a), (b) agus (g) den Rialachán sin go ndéanfaidh Frontex, *inter alia*, faireachán ar shreabha imirce agus anailís riosca a dhéanamh i dtaca leis na gnéithe uile a bhaineann le bainistiú comhtháite teorainneacha, faireachán a dhéanamh ar riachtanais oibríochtúla na mBallstát i ndáil le cur chun feidhme an fhillte, lena n-áirítear sonraí oibríochtúla a bhailiú, agus cúnamh a thabhairt do na Ballstáit in imthosca ina n-éilítear cúnamh méadaithe teicniúil agus oibríochtúil ag na teorainneacha seachtracha trí oibríochtaí comhpháirteacha a chomhordú agus a eagrú, agus aird á tabhairt ar an bhfíoras go bhféadfadh cásanna éigeandála daonchairdiúla agus tarrtháil ar muir a bheith i gceist le staideanna áirithe i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta.

93 Ag an am céanna, mar a fhoráiltear le haithris 103 de Rialachán 2019/1896, urramaítear leis an Rialachán sin na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear in Airteagail 2 agus 6 CAE agus sa Chairt. Dá bhrí sin, foráiltear le hAirteagal 5(4) den Rialachán sin go rannchuideoidh Frontex le cur i bhfeidhm *acquis* an Aontais maidir le cearta bunúsacha, go háirithe an Chairt, ag na teorainneacha seachtracha agus le hAirteagal 10(1)(e) den Rialachán sin, cuirtear de chúram ar Frontex faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceart bunúsach ina ghníomhaíochtaí uile, ag na teorainneacha seachtracha agus in oibríochtaí um fhilleadh.

94 I ndáil leis sin, sonraítear le hAirteagal 80(1) agus (2) de Rialachán 2019/1896 go n-áiritheoidh an Garda Teorann agus Cósta Eorpach go ndéanfar cearta bunúsacha a chosaint agus a chúraimí á gcur i gcrích aige faoin Rialachán céanna i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais, go háirithe an Chairt, agus an dlí ábhartha idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Coinbhinsiún i dtaobh Stádas Dídeanaithe, a síníodh sa Ghinéiv an 28 Iúil 1951 [*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 189, lch. 150, Uimh. 2545 (1954)], arna fhorlíonadh leis an bPrótacal maidir le Stádas Dídeanaithe, a tugadh i gcrích i Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967, an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 20 Samhain 1989 [*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 1577, lch. 3, Uimh. 27531 (1990)] agus oibleagáidí a bhaineann le rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, go háirithe prionsabal an *non-refoulement*. Go háirithe, i bhfeidhmiú a cúraimí di, áiritheoidh sí nach gcuirfear brú ar aon duine, de shárú ar phrionsabal an *non-refoulement*, díbhordáil, dul i dtír, agus nach ndéanfar aon duine a sheoladh chuig tír, nó a thabhairt ar láimh nó a fhilleadh ar shlí eile do na húdaráis i dtír áirithe.

95 Ina theannta sin, maidir le cúnamh teicniúil agus oibríochtúil i réimse an fhillte, sonraítear le hAirteagal 48(1)(a)(i) de Rialachán 2019/1896, arna léamh i gcomhar le haithris 81 den Rialachán sin, nach mór an cúnamh sin a chur i gcrích agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha agus go n-áirítear leis sainaithint náisiúnach tríú tír atá faoi réir nósanna imeachta um fhilleadh agus gníomhaíochtaí réamhfhillte eile de chuid na mBallstát.

96 I bhfianaise na gcúraimí atá uirthi faireachán a dhéanamh, sonraí oibríochtúla a bhailiú chomh maith le cúnamh a thabhairt d'údaráis na mBallstát, agus i bhfianaise na hoibleagáide atá uirthi rannchuidiú le cur i bhfeidhm *acquis* an Aontais maidir le cearta bunúsacha ag teorainneacha seachtracha an Aontais, is dócha, i bprionsabal, go mbeidh faisnéis ábhartha ag Frontex chun a chruthú gurb ann do bhrú siar.

97 Is dócha, *a fortiori*, go bhfuil faisnéis den sórt sin ag an ngníomhaireacht sin maidir leis na limistéir gheografacha ina bhfuil sí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí oibríochtúla sonracha, amhail, sa chás seo, mear-idirghabháil teorann sa Mhuir Aeigéach agus oibríocht chomhpháirteach 'Poseidon', dá dtagraítear i mír 89 den bhreithiúnas seo, a bhí ar siúl tráth agus i limistéar geografach eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020.

98 Mar is léir ó Airteagal 36(2)(a), (b) agus (e), Airteagal 37 (1) go (3), Airteagal 38(2) agus Airteagal 39(5) agus (8) de Rialachán 2019/1896, is faoi Stiúrthóir Feidhmiúcháin Frontex atá sé na gníomhaíochtaí oibríochtúla sin a mheasúnú, a fhormheas agus a chomhordú agus an plean oibríochtúil do na gníomhaíochtaí sin a tharraingt suas, in éineacht leis an mBallstát óstach agus i gcomhairle leis na Ballstáit rannpháirteacha.

99 I gcomhréir le hAirteagal 38(3)(d), (i) agus (l) den Rialachán sin, tá an plean oibríochtúil ina cheangal ar Frontex agus ar na Ballstáit sin araon maidir le, *inter alia*, cur síos ar chúraimí, córas tuairiscithe agus meastóireachta agus treoracha ginearálta chun urraim do chearta bunúsacha a áirithiú le linn gníomhaíochtaí oibríochtúla den sórt sin.

100 Go háirithe, ceanglaítear ar Frontex a áirithiú go n-urramóidh oifigigh chomhordúcháin cearta bunúsacha le linn an chur chun feidhme oibríochtúil, ar oifigigh iad a bhfuil sé de ról acu, de réir Airteagal 44(1) agus (3)(b) agus (d) den Rialachán sin, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme ceart an phlean oibríochtúil agus an stiúrthóir feidhmiúcháin sin a chur ar an eolas i gcás nach bhfuil na treoracha a thugann na Ballstáit óstacha do na foirne i gcomhréir leis an bplean oibríochtúil, go háirithe a mhéid a bhaineann le cearta bunúsacha a chosaint.

101 Thairis sin, faoi Airteagal 46(4) den Rialachán sin, déanfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin Frontex aon ghníomhaíocht de chuid na gníomhaireachta sin a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh má mheasann sé nó sí go bhfuil sáruithe ar chearta bunúsacha nó ar oibleagáidí cosanta idirnáisiúnta a bhaineann leis an ngníomhaíocht lena mbaineann ar siúl, ar sáruithe iad atá de chineál tromchúiseach agus gur dóchúil go leanfar de na sáruithe sin.

102 Ina theannta sin, leis an oibleagáid rannchuidiú le cur i bhfeidhm *acquis* an Aontais maidir le cearta bunúsacha ag teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh, a leanann as na forálacha dá dtagraítear sa mhír roimhe seo agus i míreanna 93 go 95 den bhreithiúnas seo araon, ceanglaítear ar Frontex comhoibriú go dícheallach in aon imscrúdú riaracháin nó nós imeachta breithiúnach a bhaineann le sáruithe líomhnaithe ar na cearta bunúsacha sin ag teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh.

103 Ar an tríú dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh caingean le haghaidh dliteanas neamhchonarthach faoi Airteagal 268 CFAE a bheith ar an aon leigheas amháin lena bhféadfaí cosaint bhreithiúnach os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh i gcoinne Frontex a ráthú de réir an chaighdeáin is gá.

104 I bhfianaise na sainiúlachtaí sin a bhaineann le caingean le haghaidh dliteanas neamhchonarthach arna tabhairt i gcoinne an Aontais Eorpaigh mar gheall ar neamhdhleathachtaí líomhnaithe arna ndéanamh ag Frontex a bhaineann le hoibríocht brú siar chuig tríú tír a maíonn daoine, amhail an t-achomharcóir, gur íospartaigh iad, ní féidir a cheangal ar na daoine sin fianaise chríochnaitheach a thabhairt ar aird maidir le seoladh na hoibríochta sin agus maidir lena láithreacht ag an am sin.

105 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara freisin, go bunúsach, i mír 52 dá Thuairim, d'fhéadfadh mainneachtain an dualgas cruthúnais atá ar na daoine sin a choigeartú bac a chur ar aon chaingean arna tabhairt ag íospartaigh oibríochta brú siar i gcoinne Frontex mar gheall ar ghníomhartha neamhdhleathacha líomhnaithe arna ndéanamh ag an ngníomhaireacht sin, lena dtugtar díolúine *de facto* do Frontex agus, ar an gcaoi sin, an bonn a bhaint de chosaint éifeachtach chearta bunúsacha na n-íospartach sin mar a chumhdaítear, *inter alia*, in Airteagail 18, 19 agus 47 den Chairt.

106 Dá bhrí sin, i gcás ina maíonn daoine go raibh siad ina n-íospartaigh d'oibríocht brú siar, ceanglaítear le lánurraim don cheart chun leigheas éifeachtach a fháil, a ráthaítear le hAirteagal 47 den Chairt, gur leor do na daoine sin fianaise *prima facie* a thabhairt ar aird maidir le seoladh na hoibríochta sin ina bhfuil Frontex rannpháirteach agus maidir lena láithreacht le linn na hoibríochta sin.

107 Tá an chonclúid sin i gcomhréir le cásdlí ECtHR.

108 Faoi Airteagal 52(3) den Chairt, ní mór don Chúirt Bhreithiúnais a chur san áireamh, mar íostairseach cosanta, na cearta a ráthaítear le ECHR, ar cearta iad a fhreagraíonn do chearta na Cairte (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Aibreán 2025, *Alchaster II*, C-743/24, EU:C:2025:230, mír 24). Mar sin, ní mór don Chúirt Bhreithiúnais a chinntiú go n-áirithítear lena léiriú ar Airteagal 47 den Chairt, a gcomhfhreagraíonn leis an gcéad fhomhír agus an dara fomhír d'Airteagal 6(1) agus d'Airteagal 13 de ECHR, leibhéal cosanta nach dtugann neamhaird ar an leibhéal cosanta a ráthaítear leis na forálacha sin de ECHR, mar atá léirithe ag an ECtHR (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2024, *KS agus páirtithe eile* v *an Chomhairle agus páirtithe eile*, C-29/22 P agus C-44/22 P, EU:C:2024:725, mír 77 agus an cásdlí dá dtagraítear).

109 Chinn an ECtHR go comhsheasmhach, i gcomhthéacs díshealbhú comhchoiteann imirceach, i gcás ina bhfuil an easpa aitheantais agus cóireáil aonair ag údaráis an Stáit i gcroílár ghearán an iarratasóra, nach bhféadfaidh an t-iarratasóir ach fianaise *prima facie* a thabhairt ar aird chun tacú leis an leagan de na fíorais a chuireann sé i láthair. Chuige sin, is leor don iarratasóir cuntas mionsonraithe, sonrach agus comhsheasmhach a thabhairt ar na himeachtaí atá i gceist (féach, go háirithe, ECtHR, 13 Feabhra 2020, *N.D. agus N.T.* v *an Spáinn*, CE:ECHR:2020:0213JUD000867515, § 85; ECtHR, 18 Samhain 2021, *M.H agus páirtithe eile* v *an Chróit*, CE:ECHR:2021:1118JUD001567018,§ 268, agus ECtHR, 7 Eanáir 2025, *A.R.E* v *an Ghréig*, CE:ECHR:2025:0107JUD001578321, § 214).

110 Dá bhrí sin, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, i mír 39 den ordú atá faoi achomharc, nuair a chinn sí gur ghá a mheas ar thug an t-achomharcóir fianaise chríochnaitheach ar aird maidir lena láithreacht agus lena rannpháirtíocht in eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020, seachas scrúdú a dhéanamh ar thug an t-achomharcóir fianaise *prima facie* ar aird maidir leis an láithreacht agus leis an rannpháirtíocht sin.

111 Leis an earráid dlí sin, cuireadh ó bhail measúnuithe na Cúirte Ginearálta, i míreanna 40 go 57 den ordú atá faoi achomharc, ar an bhfianaise a thug an t-achomharcóir ar aird, ós rud é go ndearnadh an measúnú sin i bhfianaise caighdeán cruthúnais ró-ard.

112 Cé gur leor an earráid dlí sin chun an t-ordú atá faoi achomharc a chur ar neamhní, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé, chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 47 den Chairt, measúnú a dhéanamh, ar bhonn chinntí na Cúirte Ginearálta, ar thug an t-achomharcóir fianaise *prima facie* ar aird go raibh sé i láthair agus go raibh sé rannpháirteach in eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020.

– Fianaise prima facie a bheith ann

113 I mír 37 den ordú atá faoi achomharc, thug an Chúirt Ghinearálta faoi deara, chun a chruthú go raibh sé i láthair agus go raibh sé rannpháirteach in eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020, go mbraitheann an t-achomharcóir, ar an gcéad dul síos, ar a ráiteas finné féin, ar an dara dul síos, ar alt Bellingcat agus, ar an tríú dul síos, ar cheithre ghrianghraf ar seatanna scáileáin daite iad a tógadh ó na físeáin atá san alt sin.

114 Chun a chinneadh an féidir a mheas gur leor an fhianaise sin a thug an t-achomharcóir ar aird agus é ag brath uirthi mar fhianaise *prima facie* go raibh sé i láthair agus go raibh baint aige le heachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, mar a chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl i gceart i míreanna 31 agus 32 den ordú atá faoi achomharc, gurb é comhthoradh an phrionsabail maidir le saorghlacadh fianaise prionsabal an mheasúnaithe gan srian ar fhianaise. I gcomhréir leis an bprionsabal deireanach sin, is é an t-aon chritéar ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar luach cruthúnais na fianaise arna tíolacadh go cuí ná a inchreidteacht (breithiúnas an 26 Meán Fómhair 2018, *Infineon Technologies* v *an Coimisiún*, C-99/17 P, EU:C:2018:773, mír 65 agus an cásdlí dá dtagraítear).

115 Ar an gcéad dul síos, maidir le fianaise i scríbhinn an achomharcóra, ba cheart a mheabhrú go n-éilíonn an measúnú ar a luach cruthúnais imscrúdú ar inchreidteacht an ráitis finné sin agus ar inchreidteacht an chuntais atá ann, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar na himthosca inar tarraingíodh suas an ráiteas finné sin agus ar an duine chuig ar díríodh é, agus an cosúil, ar a aghaidh, go bhfuil sé fónta agus iontaofa (féach, de réir analaí, ordú an 12 Meitheamh 2019, *OY* v *an Coimisiún*, C-816/18 P, EU:C:2019:486, mír 4 (mír 6 de Thuairim an Abhcóide Ghinearálta Pikamäe).

116 Go háirithe, ní féidir diúltú do ráiteas finné iarratasóra mar ráiteas nach bhfuil ach luach beag cruthúnais aige, gan an fhianaise go léir a cuireadh isteach i gcás ar leith a chur san áireamh.

117 Dá bhrí sin, i míreanna 33 agus 40 den ordú atá faoi achomharc, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí, mar riail ghinearálta, nach bhfuil ach luach cruthúnais beag ag ráiteas finné an achomharcóra féin.

118 Mar is léir ó na cinntí i míreanna 36 agus 37 den ordú sin, thug an t-achomharcóir, ina fhianaise i scríbhinn atá i gceangal leis an iarratas lena dtionscnaítear imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta, tuairisc mhionsonraithe agus chomhleanúnach ar a thrasnú chuig oileán Samos, lena ndeimhnítear freisin gur tharla sé i mí Aibreáin 2020, agus ar an mbrú siar a mhaíonn sé a bheith ina íospartach tar éis dó an t-oileán sin a bhaint amach.

119 Ar bhonn na gcinntí sin, ba cheart don Chúirt Ghinearálta teacht ar an gconclúid go raibh fianaise i scríbhinn an achomharcóra mionsonraithe, sonrach agus comhsheasmhach go leor chun bheith ina fianaise *prima facie* ar an bhfíoras go raibh an t-achomharcóir ina íospartach d'oibríocht brú siar ó oileán Samos i mí Aibreáin 2020.

120 Ní thacaíonn measúnú na Cúirte Ginearálta, i mír 41 den ordú atá faoi achomharc, eadhon go bhfuil roinnt ráiteas sa ráiteas finné sin nach bhfuil beacht go leor maidir leis na fíorais bhunriachtanacha, leis an gconclúid nach fianaise *prima facie* é an ráiteas finné sin.

121 I ndáil leis sin, is léir ó mhír 41 den ordú atá faoi achomharc, chun údar a thabhairt leis an measúnú sin, gur chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl, ar an gcéad dul síos, mar fhreagra ar an gceist ar mheabhraigh sé an dáta a rinne sé a thuras chun na hEorpa, nár mheabhraigh sé an dáta sin i ndáiríre, ach gur chreid sé go raibh sé i mí Aibreáin agus, ar an dara dul síos, gur áitigh sé go raibh sé mar chuid de ghrúpa de 22 dhuine tráth eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020, ach nár shainaithin sé aon duine eile de na daoine sin ina ráiteas finné agus nár thug sé aon fhianaise ó na daoine sin.

122 I gcás nach cuimhin le duine a mhaíonn gur íospartach oibríochta brú siar é an dáta beacht ar thaistil sé chun na hEorpa agus i gcás nach bhfuil sé in ann íospartaigh eile na hoibríochta sin a shainaithint go beacht, nó fiú a bhfianaise a thabhairt ar aird, is léir nach leor é sin chun luach fianaiseach fhianaise an duine sin a chur as an áireamh chun a chinneadh an fianaise *prima facie* í.

123 Mar is léir ó mhíreanna 109 agus 115 den bhreithiúnas seo, braitheann an luach cruthúnais sin ar chineál mionsonraithe, sonrach agus comhsheasmhach an chuntais a leagtar amach san fhianaise sin agus ar inchreidteacht na faisnéise atá ann.

124 Ar an dara dul síos, maidir le halt Bellingcat, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann an t-alt sin, mar is léir ó na cinntí i míreanna 50 agus 53 go 55 den ordú atá faoi achomharc, le teacht isteach ar muir, an 28 Aibreán 2020, de ghrúpa daoine ar oileán Samos, le brú siar na ndaoine sin ag údaráis na Gréige ar bhád rachmais gan mhótarú agus le dul i gceannas orthu an lá dár gcionn ag Garda Cósta na Tuirce ar muir. Dá bhrí sin, tá ábhar an ailt sin i gcomhréir le fianaise an achomharcóra.

125 Ní chaitear amhras ar an gcinneadh sin le cinntí na Cúirte Ginearálta i mír 55 den ordú atá faoi achomharc, ar dá réir, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil na sonraí a leagtar amach san alt sin maidir le dáta agus áit na bhfíoras a leagtar amach ann beacht go leor agus, ar an dara dul síos, nach bhféadfaí na foinsí ar a raibh cinntí údair an ailt sin bunaithe a fhíorú. Cé go bhféadfadh na measúnuithe sin a shuíomh nach féidir a mheas gur fianaise chríochnaitheach é alt Bellingcat ar eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020, ní féidir leo gach luach cruthúnais a bhaint den alt sin agus, dá bhrí sin, cosc a chur ar a mheas go gcomhthacaíonn sé leis an bhfianaise *prima facie* arb ionann í agus fianaise i scríbhinn an achomharcóra.

126 Ar an tríú dul síos, maidir leis na ceithre ghrianghraf ó alt Bellingcat, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mír 48 den ordú atá faoi achomharc, nach bhfuil an t-achomharcóir inaitheanta go héasca ná go soiléir agus, dá bhrí sin, nach féidir leis na grianghraif sin a léiriú gurb ionann an duine atá le feiceáil iontu agus an duine atá le feiceáil ar phas an achomharcóra. Fiú dá mba amhlaidh an cás, ní mór a mheas nach ndéanann cinntí sin na Cúirte Ginearálta difear don fhíoras gurb ionann fianaise *prima facie*, de réir bhrí mhír 106 den bhreithiúnas seo, agus fianaise i scríbhinn an achomharcóra, ina leagtar amach go mionsonraithe, go sonrach agus go comhsheasmhach, brú siar a mhaíonn sé gurbh é an t-íospartach é i mí Aibreáin 2020 nuair a tháinig sé ar oileán Samos agus lena gcomhthacaítear le halt Bellingcat.

127 Thairis sin, ní chaitear amhras ar an bhfianaise *prima facie* a thug an t-achomharcóir ar aird maidir lena láithreacht agus lena rannpháirtíocht in eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020 le hargóint Frontex, a leagtar amach i mír 38 den ordú atá faoi achomharc, nár tugadh fógra di faoi aon eachtra agus nach bhfuair sí aon fhaisnéis a bhaineann leis an eachtra líomhnaithe sin. I bhfianaise na hoibleagáide atá uirthi urraim do chearta bunúsacha agus don fhaisnéis ina leith sin a cheanglaítear uirthi a bheith ar fáil di a áirithiú, go háirithe i gcomhthéacs

na mear-idirghabhála teorann sa Mhuir Aeigéach agus na hoibríochta comhchoiteann 'Poseidon', ní féidir leis an ngníomhaireacht sin brath, gan tuilleadh soiléirithe, ar bheith aineolach ar an eachtra líomhnaithe sin.

128 Dá bhrí sin, i bhfianaise nár cheart don achomharcóir fianaise chríochnaitheach a thabhairt ar aird ach fianaise *prima facie* ar a láithreacht agus a rannpháirtíocht in eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020, ní mór a mheas gur leor an fhianaise ar a raibh an t-achomharcóir ag brath agus a thug sé ar aird, lena bhfoirmítear corpas fianaise comhsheasmhaí, chun fianaise *prima facie* den sórt sin a thabhairt ar aird.

– Oibleagáid Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh leanúint leis na himeachtaí agus an cás a imscrúdú

129 Leanann sé ó na cinntí i míreanna 110 agus 128 den bhreithiúnas seo go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, i míreanna 13, 14, 61 agus 62 den ordú atá faoi achomharc, agus í ag cinneadh, in éagmais cruthúnas ón achomharcóir ar fhírinne a dhamáiste, gur diúltaíodh do chaingean an achomharcóra, de bhun Airteagal 126 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, toisc gur léir nach raibh aon bhunús dlí léi gan aon ghá leanúint leis na himeachtaí.

130 Ar thaobh amháin, beag beann ar luach cruthúnais na fianaise a chuir an t-achomharcóir isteach, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí go raibh údar maith lena chaingean le haghaidh dliteanas neamhchonarthach a dhíbhe toisc gur léir nach raibh aon bhunús dlí ann, de bhun Airteagal 126 de na Rialacha sin, toisc nár léirigh an t-achomharcóir fírinne a dhamáiste.

131 Ar an taobh eile, ag féachaint, ar an gcéad dul síos, do ghnéithe sonracha na díospóide a leagtar amach i míreanna 88 go 103 den bhreithiúnas seo agus, ar an dara dul síos, don fhíoras gur thug an t-achomharcóir fianaise *prima facie* ar aird maidir leis an mbrú siar a mhaíonn sé a bheith ina íospartach trí fhianaise i scríbhinn agus alt Bellingcat a chur ar fáil, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí toisc nár lean sí leis na himeachtaí chun imscrúdú a dhéanamh ar an gcás a bhí ar feitheamh os a comhair roimh rialú a thabhairt ar na himeachtaí sin.

132 I gcás ina dtugann iarratasóir fianaise *prima facie* ar aird gur tharla brú siar dó agus ina ndéanann sé gearán go bhfuil baint ag Frontex leis an mbrú siar sin, is faoin gCúirt Ghinearálta atá sé leanúint leis na himeachtaí agus imscrúdú a dhéanamh ar an gcás atá os a comhair chun measúnú a dhéanamh, ar bhonn na faisnéise go léir atá ar fáil di, ar fhírinneacht an fhíorais sin. Má thagann an Chúirt ar an gconclúid nach bhfuil an fhianaise *prima facie* sin neamhbhailí ag éisteacht de chuid an iarratasóra nó ag an bhfianaise agus na hargóintí a thíolaic na páirtithe eile sa chás sin ina bpléadálacha nó ag aon fhianaise eile a fuarthas le linn imscrúdú an cháis, ní mór a thoimhdiú gur suíodh an fíoras sin.

133 Go háirithe, i bhfianaise na faisnéise a bhí ar Frontex a bheith aici chun a chúraimí agus a chumhachtaí a fheidhmiú agus i bhfianaise a hoibleagáide urraim do chearta bunúsacha a áirithiú le linn na Mear-Idirghabhála Teorann sa Mhuir Aeigéach agus san oibríocht chomhchoiteann 'Poseidon', ceanglaíodh ar an gCúirt Ghinearálta, sa chás seo, bearta eagrúcháin nós imeachta nó bearta fiosrúcháin a dhéanamh chun an fhaisnéis ábhartha go léir atá ar fáil di a fháil ón ngníomhaireacht sin chun imthosca eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020 a shoiléiriú. Bhí gá leis an treoir sin, toisc go ndearna coigeartú ar an dualgas chruthúnais don achomharcóir i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i mír 106 den bhreithiúnas seo, ionas

go bhféadfadh an Chúirt Ghinearálta faisnéis leordhóthanach a bheith aici chun measúnú a dhéanamh ar fhiúntas chaingean an achomharcóra agus chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach ar a chearta a ráthú.

134 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, le linn na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta, go ndearna an t-achomharcóir roinnt iarrataí ar bhearta den sórt sin a ghlacadh.

135 Ar an gcéad dul síos, an 10 Márta 2022, d'iarr an t-achomharcóir ar an gCúirt, trí bhearta eagrúcháin nós imeachta nó fiosrúcháin, cuireadh a thabhairt do Frontex rochtain a thabhairt dó ar na doiciméid seo a leanas.

136 Ar dtús, d'iarr sé rochtain ar phríomhchodanna an phlean oibríochtúil, ar na hiarscríbhinní go léir a ghabhann leis agus ar an lámhleabhar a bhaineann leis an bplean oibríochtúil, maidir le mear-idirghabháil teorann sa Mhuir Aeigéach le linn 2020.

137 Ina dhiaidh sin, d'iarr sé go gcuirfí gach comhfhreagras in iúl dó, lena n-áirítear litreacha, ríomhphoist, agus gach ceangaltán, doiciméad, lena n-áirítear meastóireachtaí, tuairiscí, seisiúin faisnéise, nótaí, tuarascálacha agus anailísí, malartuithe idir an cosantóir agus údaráis na Gréige mar ullmhúchán don Mhear-Idirghabhála Teorann sa Mhuir Aeigéach in 2020, lena n-áirítear na doiciméid uile a malartaíodh ina bhfuil tuairisc ar an staid agus ar chuspóirí na hoibríochta atá i gceist, de réir bhrí Airteagal 39 de Rialachán 2019/1896, ach gan bheith teoranta do na doiciméid uilig thuas.

138 Ar deireadh, d'éiligh sé go gcuirfí gach comhfhreagras ar fáil, lena n-áirítear ríomhphoist, teachtaireachtaí, nótaí agus litreacha, ach gan bheith teoranta dóibh, chomh maith leis na ceangaltáin uile idir, ar thaobh amháin, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Frontex agus, ar an taobh eile, Aireacht Imirce na Gréige, Oifig Frontex um Chearta Bunúsacha agus aon duine eile, i ndáil leis na hoibríochtaí maidir le brú siar doiciméadaithe a tharla an 18 agus an 19 Aibreán 2020, is é sin le rá, 10 lá roimh eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020.

139 Ar an dara dul síos, ina iarraidh an 10 Márta 2022, d'iarr an t-achomharcóir freisin ar an gCúirt Ghinearálta éisteacht a eagrú ionas go bhféadfadh sé fianaise ó bhéal a thabhairt ar an oibríocht brú siar sa Mhuir Aeigéach a maíonn sé gur íospartach é agus ar an damáiste neamhábhartha a d'fhulaing sé ina leith sin.

140 Ar an tríú dul síos, an 29 Aibreán 2022, d'iarr an t-achomharcóir ar an gCúirt Ghinearálta, mar bheart eagrúcháin nós imeachta, a iarraidh ar Frontex tuarascáil OLAF a thabhairt ar aird ina hiomláine, lena n-áirítear na hiarscríbhinní a ghabhann léi.

141 Ar an gceathrú dul síos, an 18 Bealtaine 2022, d'iarr an t-achomharcóir ar an gCúirt, mar bheart eagrúcháin nós imeachta, a ordú do Frontex tuarascálacha JORA a chur ar fáil maidir le heachtraí a tharla an 28 agus an 29 Aibreán 2020.

142 Ina theannta sin, maidir le gach ceann dá iarrataí ar bhearta eagrúcháin nós imeachta nó bearta fiosrúcháin, chuir an t-achomharcóir íosmhéid fianaise ar fáil lena bhfianaítear úsáideacht na mbeart sin chun críocha na n-imeachtaí, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 83 den bhreithiúnas seo.

143 Maidir leis an iarraidh ar thuarascáil OLAF a thabhairt ar aird go hiomlán, mhaígh an t-achomharcóir go ndearna an tuarascáil sin, nár foilsíodh fós nuair a tugadh a chaingean os comhair na Cúirte Ginearálta, doiciméadú, *inter alia*, ar oibríocht brú siar sa Mhuir Aeigéach a tharla an 28 agus an 29 Aibreán 2020. Ina theannta sin, deimhnítear leis an tuarascáil sin éilimh an achomharcóra os comhair na Cúirte Ginearálta gur cuireadh Bord Bainistíochta Frontex ar an eolas, ar an gcéad dul síos, faoi rannpháirtíocht mhodhanna agus ghníomhairí na gníomhaireachta sin in oibríochtaí *refoulement* neamhdhleathacha agus, ar an dara dul síos, go ndearnadh an fhaisnéis agus an fhianaise a bhaineann leis na gníomhaíochtaí agus na heasnaimh neamhdhleathacha sin a cheilt agus a shaobhadh, rud a chuir cosc, *inter alia*, ar Frontex a shainchumais a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 46(4) agus (5) de Rialachán 2019/1896. Thairis sin, is féidir a shuí leis an tuarascáil sin nach é is cúis le mainneachtain oibríocht brú siar an 28 agus an 29 Aibreán 2020 a thuairisciú mainneachtain ag aerárthach faireachais ardfheistithe Frontex a eitlíonn thar limistéar ina bhfuil na hachair chun an fharraige a thrasnú an-ghearr, ach gur mar gheall ar chultúr eagraíochtúil laistigh de Frontex é ar dá réir ba ghá 'dúnadh na súl' do sháruithe ar chearta bunúsacha na n-imirceach.

144 Mar thaca lena iarraidh ar thuarascálacha JORA a chur ar fáil, líomhain an t-achomharcóir, tar éis imscrúdú a rinne cuibhreannas iriseoirí iniúchacha a foilsíodh an 28 Aibreán 2022, gur éirigh leis fianaise a fháil lena suitear gur tharla trí oibríocht ar leith an 28 agus an 29 Aibreán 2020 i limistéar a chumhdaítear le hoibríochtaí Frontex, agus go raibh siad go léir aicmithe i mbunachar sonraí an Fheidhmchláir Chomhpháirtigh um Thuairisciú Oibríochtaí *(Joint Operations Reporting Application)*, arna óstáil ar fhreastalaí Frontex mar oibríochtaí 'cosc ar imeachtaí'.

145 Maidir leis na hiarrataí ar thabhairt ar aird na ndoiciméad a rinneadh an 10 Márta 2022, mheas an t-achomharcóir, go bunúsach, go raibh gá leo ionas go mbeadh an Chúirt Ghinearálta in ann a chinneadh an raibh na gníomhaíochtaí agus na neamhghníomhartha a líomhnaítear i gcoinne Frontex de chineál a d'fhágfadh go mbeadh dliteanas neamhchonarthach ann, mar a líomhain sé ina iarratas ag an gcéad chéim.

146 I bhfianaise iarrataí an achomharcóra ar bhearta eagrúcháin nós imeachta agus ar bhearta fiosrúcháin agus i bhfianaise na faisnéise a chuir an t-achomharcóir ar fáil chun úsáideacht na mbeart sin a dheimhniú, ní mór a mheabhrú, cé gur faoin gCúirt Ghinearálta atá sé, i bhfianaise Airteagal 90(1), Airteagal 92(1) agus Airteagal 106 dá Rialacha Nós Imeachta, a chinneadh an bhfuil bearta den sórt sin úsáideach chun an díospóid atá os a comhair a réiteach, gur faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé, mar sin féin, a fhíorú an ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus í ag diúltú do na hiarrataí sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Iúil 2011, *Diputación Foral de Vizcaya agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-474/09 P go C-476/09 P, EU:C:2011:522, mír 93 agus an cásdlí dá dtagraítear).

147 Go háirithe, mar is léir ó mhíreanna 80 agus 84 den bhreithiúnas seo, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé, i gcomhthéacs achomharc lena ndéantar agóid i gcoinne chur i bhfeidhm na rialacha a bhaineann leis an dualgas cruthúnais agus le glacadh fianaise ag an gCúirt Ghinearálta, a fháil amach ar bhain an Chúirt Ghinearálta úsáid as an gcumhacht sin agus na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 47 den Chairt á gcomhlíonadh go hiomlán.

148 Ba cheart a thabhairt faoi deara, ós rud é gur thug sé fianaise *prima facie* ar aird gur tharla oibríocht brú siar dó agus in éagmais comhar deonach ar thaobh Frontex, go dtagann an t-achomharcóir faoi na cásanna eisceachtúla dá dtagraítear sa chásdlí dá dtagraítear i míreanna

81 agus 82 den bhreithiúnas seo lena dtugtar údar le rannpháirtíocht na Cúirte Ginearálta, trí bhearta eagrúcháin nós imeachta agus treoracha a ghlacadh mar a mhol an t-achomharcóir, agus é ag lorg fianaise atá i seilbh Frontex a bhaineann leis an mbrú siar sin.

149 I ndáil leis sin, ní mór a chur i bhfios go láidir go háirithe go dtagraítear go sainráite i dtuarascáil OLAF, a nocht eagraíochtaí meán éagsúla go páirteach agus a cuireadh i gceangal le hachomharc an achomharcóra, faoi phointe 2.2.1(c), do na comhoibríochtaí díbeartha a tharla an 28 agus an 29 Aibreán 2020, a maíonn an t-achomharcóir gurbh é an t-íospartach iad, agus go luaitear inti gur dheimhnigh dhá eintiteas Frontex (an *risk analysis unit* nó 'RAU' agus an *vulnerability assessment unit* nó 'VAU') creidiúnacht tuarascálacha foinse oscailte áirithe, lena n-áirítear alt Bellingcat, a bhaineann go sonrach leis na fíorais sin.

150 Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an Chúirt Ghinearálta, gan earráid dlí a dhéanamh, diúltú d'iarrataí an achomharcóra ar bhearta eagrúcháin nós imeachta nó ar bhearta fiosrúcháin ar na forais a leagtar amach i mír 60 den ordú atá faoi achomharc, eadhon nach gceanglófaí uirthi ar bhealach ar bith fianaise bhreise a ghlacadh ar na fíorais atá i gceist, fiú dá dtiocfadh sí ar an gconclúid nach ndealraíonn sé go bhfuil luach chruthúnais ag aon chuid den fhianaise sa chomhad ag deireadh a hanailíse.

151 Ina theannta sin, maidir le hiarraidh an achomharcóra go dtionólfaí éisteacht ionas go bhféadfadh sé fianaise ó bhéal a thabhairt os comhair na Cúirte Ginearálta, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí, i mír 58 den ordú atá faoi achomharc, agus í ag diúltú don iarraidh sin ar an bhforas, ag féachaint don chinneadh gur léir nach raibh an fhianaise a chuir an t-achomharcóir ar fáil in ann na fíorais is cúis leis an damáiste líomhainte a léiriú agus don fhíoras, go ginearálta, nach bhfuil mórán luach cruthúnais ag ráiteas finné an achomharcóra, nach gcuirfeadh éisteacht an achomharcóra ar a chumas a dhualgas cruthúnais ar na fíorais is cúis leis an damáiste líomhainte a urscaoileadh, go háirithe ós rud é gur thug sé a fhianaise i scríbhinn ar aird cheana féin.

152 Mar a cuireadh in iúl i míreanna 116 agus 117 den bhreithiúnas seo, ní féidir leis an gCúirt Ghinearálta a mheas, *a priori*, gur beag luach cruthúnais atá ag ráiteas finné an achomharcóra féin, mar riail ghinearálta. Ina theannta sin, ar na cúiseanna a bhfuiltear ag brath orthu i míreanna 113 go 128 den bhreithiúnas seo, is fianaise *prima facie* é fianaise i scríbhinn an achomharcóra, arna comhthacú le halt Bellingcat agus lena gcruthaítear corpas fianaise comhsheasmhaí dá bhrí sin, go bhfuil tionchar ag eachtra líomhnaithe an 28 agus an 29 Aibreán 2020 air, agus mar thoradh air sin go bhféadfadh a éisteacht a chur ar chumas na Cúirte Ginearálta sonraí a fháil maidir leis na fíorais a cuireadh chun cinn i bhfianaise i scríbhinn an achomharcóra agus measúnú iomlán a dhéanamh ar chreidiúnacht an ráitis finné sin.

153 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, ní mór seasamh leis an bhforas achomhairc aonair agus, dá bhrí sin, an t-ordú atá faoi achomharc a chur ar neamhní.

An cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta

154 I gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 61 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, má chuirtear breith na Cúirte Ginearálta ar neamhní, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais féin breithiúnas críochnaitheach a thabhairt ar an díospóid má cheadaítear an méid sin le staid na n-imeachtaí.

155 Ní hamhlaidh an cás anseo. Ós rud é nach ndearna an Chúirt Ghinearálta scrúdú cuí ar an gcás chun a shuí an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le dliteanas neamhchonarthach Frontex, ní cheadaítear le staid na n-imeachtaí breithiúnas críochnaitheach a thabhairt. Dá bhrí sin, is gá an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta chun go dtabharfaidh sí rialú ar chaingean an achomharcóra.

Costais

156 Ós rud é go ndéantar an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, ní mór na costais a bhaineann leis na himeachtaí reatha a fhorchoimeád.

Ar na forais sin, dearbhaíonn agus rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Cuirtear ordú Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 13 Nollaig 2023, *Hamoudi* v *Frontex* (T-136/22, EU:T:2023:821) ar neamhní**.

2. **Tarchuirtear an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.**

3. **Forchoimeádtar na costais.**

Sínithe